RIALACHÁN (AE) 2019/818 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2019

maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 16(2), Airteagal 74, Airteagal 78(2)(e), Airteagal 79(2)(c), Airteagal 82(1)(d), Airteagal 85(1), Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht uaidh an 6 Aibreán 2016 dar teideal *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security* (Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste um Theorainneacha agus Slándáil), leag an Coimisiún béim ar an ngá a bhí le feabhas a chur ar ailtireacht bainistithe sonraí an Aontais le haghaidh bainistiú teorainneacha agus slándála. Tionscnaíodh leis an Teachtaireacht próiseas chun idir-inoibritheacht a bhaint amach idir córais faisnéise AE um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce, agus é mar aidhm aige dul i ngleic le heasnaimh struchtúracha na gcóras sin a chuireann bac ar obair na n-údarás náisiúnta, agus a áirithiú go mbeidh fáil ag na gardaí teorann, na húdaráis chustaim, na póilíní agus na húdaráis bhreithiúnacha ar an bhfaisnéis a bheidh de dhíth orthu.

(2) I dTreochlár uaithi dar teideal *Roadmap to enhance information exchange and information management including interoperability solutions in the Justice and Home Affairs area* (Treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile) an 6 Meitheamh 2016, shainaithin an Chomhairle dúshláin éagsúla dhlíthiúla, theicniúla agus oibríochtúla i dtaca le hidir-inoibritheacht na gcóras faisnéise AE agus d'iarr sí réitigh ar na dúshláin sin a lorg.

(3) Sa Rún uaithi an 6 Iúil 2016 maidir le tosaíochtaí straitéiseacha Chlár Oibre an Choimisiúin do 2017 ([3]), d'iarr Parlaimint na hEorpa moltaí chun na córais faisnéise AE atá ann cheana a fheabhsú agus a fhorbairt, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaisnéis agus chun idir-inoibritheacht na gcóras sin a bhaint amach, chomh maith le moltaí i dtaca le comhroinnt éigeantach faisnéise ar leibhéal an Aontais, a mbeadh na coimircí cosanta sonraí riachtanacha ag gabháil léi.

(4) Sna conclúidí uaithi an 15 Nollaig 2016, d'iarr an Chomhairle Eorpach go leanfaí d'idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise AE agus na mbunachar sonraí AE a chur i gcrích.

(5) Sa tuarascáil deiridh uaidh an 11 Bealtaine 2017, ba é conclúid an tsainghrúpa ardleibhéil maidir le córais faisnéise agus idir-inoibritheacht gur ghá agus gurbh indéanta go teicniúil féachaint le réitigh phraiticiúla a fháil maidir leis an idir-inoibritheacht agus go bhféadfadh an idir-inoibritheacht sin, i bprionsabal, gnóthachain oibríochtúla a sholáthar, agus san am céanna go bhféadfaí iad a bhunú i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí.

(6) Sa Teachtaireacht uaidh an 16 Aibreán 2017, dar teideal Seventh progress report towards an effective and genuine Security Union [Seachtú tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo Aontas Slándála éifeachtach dílis], leag an Coimisiún amach, i gcomhréir leis an Teachtaireacht uaidh an 6 Aibreán 2016 agus mar a deimhníodh leis na torthaí agus na moltaí ón sainghrúpa ardleibhéil maidir le córais faisnéise agus idir-inoibritheacht, cur chuige nua i leith bainistiú sonraí i dtaca le teorainneacha, slándáil agus imirce ina raibh na córais faisnéise AE uile um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce le bheith idir-inoibritheach ar bhealach lena dtabharfaí lánurraim do na cearta bunúsacha.

([1]) IO C 283, 10.8.2018, lch. 48.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019.
([3]) IO C 101, 16.3.2018, lch. 116.

(7) Sna Conclúidí uaithi an 9 Meitheamh 2017 maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le malartú faisnéise a fheabhsú agus idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise AE a áirithiú, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún na réitigh maidir le hidir-inoibritheacht, mar a bhí molta ag an sainghrúpa ardleibhéil, a shaothrú.

(8) Sna conclúidí uaithi an 23 Meitheamh 2017, leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá le hidir-inoibritheacht idir na bunachair sonraí a fheabhsú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a ullmhú, a luaithe agus ab fhéidir, ar bhonn na moltaí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil maidir le córais faisnéise agus idir-inoibritheacht a luaithe agus ab fhéidir.

(9) D'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha a fheabhsú, d'fhonn rannchuidiú le hinimirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac agus d'fhonn leibhéal ard slándála a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais, lena n-áirítear slándáil phoiblí agus beartas poiblí a chothabháil agus an tslándáil a chosaint ar chríocha na mBallstát, d'fhonn feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí, d'fhonn cuidiú a thabhairt chun scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta, d'fhonn rannchuidiú le cosc, brath agus imscrúdú cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile, d'fhonn sainaithint daoine nach eol cé hiad nó sainaithint taisí daonna gan aithne i gcás tubaiste nádúrtha, timpiste nó ionsaí sceimhlitheoireachta a éascú, agus d'fhonn iontaoibh an phobail i gcóras imirce agus tearmainn an Aontais, i mbearta slándála an Aontais agus in acmhainneachtaí an Aontais maidir le bainistiú a dhéanamh ar an teorainn sheachtrach a choimeád, ba cheart idir-inoibritheacht a bhunú idir córais faisnéise AE, eadhon an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), Eurodac, Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN) chun go mbeadh na córais faisnéise AE sin agus a gcuid sonraí ag forlíonadh a chéile, agus fós urraim á tabhairt do chearta bunúsacha daoine aonair, go háirithe an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS comhroinnte), stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) agus brathadóir ilchéannachtaí (MID) a bhunú mar chomhchodanna idir-inoibritheachta.

(10) A bhuí leis an idir-inoibritheacht idir na córais faisnéise AE, ba cheart forlíonadh idir na córais thuasluaite sin a bheith indéanta chun ceart-sainaithint daoine a éascú, lena n-áirítear sainaithint daoine nach eol cé hiad agus nach bhfuil in ann a gcéannacht a léiriú nó sainaithint taisí daonna gan aithne, chun rannchuidiú le calaois chéannachta a chomhrac, chun ceanglais cáilíochta sonraí na gcóras faisnéise AE faoi seach a fheabhsú agus a chomhchuibhiú, chun cur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil na gcóras faisnéise AE a éascú, chun na coimircí i dtaca le slándáil sonraí agus cosaint sonraí a rialaíonn na córais faisnéise AE faoi seach a neartú, chun rochtain chun críocha cosc, brath nó imscrúdú cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac a shruthlíniú, agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus chóras ECRIS-TCN.

(11) Ba cheart go gcuimseodh na comhchodanna idir-inoibritheachta EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus córas ECRIS-TCN. Ba cheart dóibh sonraí Europol a chuimsiú freisin sa mhéid amháin go gcumasóidís cuardach a dhéanamh ar shonraí Europol san am céanna leis na córais faisnéise AE sin.

(12) Ba cheart do na comhchodanna idir-inoibritheachta próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta na ndaoine a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil sna córais faisnéise AE fholuiteacha agus ag Europol.

(13) Ba cheart an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP) a bhunú chun cumas teicniúil údaráis na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais a éascú chun go mbeidh rochtain thapa, chomhleanúnach, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe acu ar chórais faisnéise AE, ar shonraí Europol agus ar bhunachair sonraí na hEagraíochta Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol), sa mhéid agus go bhfuil gá leis sin chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir lena gcearta rochtana. Ba cheart ESP a bhunú freisin chun tacú le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS, ECRIS-TCN agus shonraí Europol. Trína chumasú go bhféadfaí cuardach a dhéanamh ar na córais faisnéise AE ábhartha uile, ar shonraí Europol agus ar bhunachair sonraí Interpol san am céanna, ba cheart do ESP gníomhú mar fhuinneog aonair nó "bróicéir teachtaireachtaí" chun na lárchórais éagsúla a chuardach agus an fhaisnéis atá riachtanach a aisghabháil go rianúil, agus ghníomhódh sí amhlaidh agus lánurraim á tabhairt do na ceanglais maidir le rialú rochtana agus cosaint sonraí a bhaineann leis na córais fholuiteacha.

(14) Le dearadh ESP, ba cheart a áirithiú, nuair a dhéanfar bunachair shonraí Interpol a chuardach, nach ndéantar na sonraí a úsáideann úsáideoir ESP chun an cuardach a sheoladh a roinnt le húinéirí shonraí Interpol. Le dearadh ESP, ba cheart a áirithiú freisin gur i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais agus leis an dlí náisiúnta infheidhme, agus ar an dóigh sin amháin, a dhéanfar cuardach i mbunachair sonraí Interpol.

(15) Ba cheart d'úsáideoirí ESP sin a bhfuil ceart acu sonraí Europol a rochtain faoi Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a bheith in ann cuardach a dhéanamh san am céanna ar shonraí Europol agus ar na córais faisnéise AE a bhfuil rochtain acu orthu. Ba cheart aon phróiseáil sonraí bhreise a dhéantar tar éis an cuardach sin a dhéanamh a chur i gcrích i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, lena n-áirítear srianta ar rochtain nó ar úsáid arna bhforchur ag an soláthraí sonraí.

(16) Ba cheart ESP a fhorbairt agus a chumrú sa chaoi is nach gceadaítear cuardaigh den sórt sin a dhéanamh ach má dhéantar iad le húsáid sonraí a bhaineann le daoine ná le doiciméid taistil nach bhfuil i gcóras faisnéise AE, i sonraí Europol ná i mbunachair sonraí Interpol.

(17) Chun úsáid chórasach na gcóras faisnéise AE ábhartha uile a áirithiú, ba cheart ESP a úsáid chun CIR, EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN a chuardach. Ba cheart, áfach, an nasc náisiúnta leis na córais faisnéise AE éagsúla a choinneáil i gcás ina mbeadh gá le cúltaca teicniúil. Ba cheart do ghníomhaireachtaí an Aontais ESP a úsáid chun SIS Láir a chuardach i gcomhréir lena gcearta rochtana agus chun a gcúraimí a dhéanamh. Ba cheart gur bealach breise chun SIS Láir, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a chuardach a bheadh in ESP agus é mar chomhlánú ar na comhéadain atá ann cheana chuige sin.

(18) Sonraí uathúla iad sonraí bithmhéadracha, amhail méarloirg agus íomhánna den aghaidh, agus, dá bhrí sin, is iontaofa go mór iad ná sonraí alfa-uimhriúla chun críocha duine a shainaithint. Ba cheart don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS comhroinnte) a bheith ina huirlis theicniúil chun obair na gcóras faisnéise AE ábhartha agus comhchodanna idir-inoibritheachta eile a neartú agus a éascú. Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhchuspóir ag BMS comhroinnte sainaithint duine atá cláraithe i roinnt bunachair sonraí a éascú, trí úsáid a bhaint asna comhchuid theicneolaíoch uathúil amháin chun sonraí bithmhéadracha an duine aonair sin a mheaitseáil sna córais éagsúla seachas i roinnt comhpháirteanna éagsúla. Ba cheart do BMS comhroinnte rannchuidiú leis an tslándáil, agus ba cheart buntáistí a bheith leis ó thaobh airgeadais, cothabhála agus oibríochta de. Sna córais uathoibrithe uile um shainaithint méarlorg, lena n-áirítear na córais sin atá in úsáid faoi láthair le haghaidh Eurodac, VIS agus SIS, úsáidtear teimpléid bhithmhéadracha ina bhfuil sonraí arna ndíorthú trí shonraí céannachta a asbhaint ó fhíorshamplaí bithmhéadracha. Ba cheart do BMS comhroinnte na teimpléid bhithmhéadracha uile sin – arna scaradh go loighciúil de réir an chórais faisnéise ónár tháinig na sonraí – a athghrúpáil agus a stóráil in aon suíomh amháin, rud a d'éascódh comparáidí traschórais le teimpléid bhithmhéadracha agus a chumasódh barainneachtaí scála maidir le lárchórais an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

(19) Ba cheart do na teimpléid bhithmhéadracha a stóráiltear in BMS comhroinnte a bheith comhdhéanta de shonraí arna ndíorthú ó shonraí céannachta a asbhaint ó fhíorshamplaí bithmhéadracha a chuimsiú, agus a fhaightear ar shlí a fhágann nach bhfuil sé indéanta an próiseas asbhainte a inbhéartú. Ba cheart na teimpléid bhithmhéadracha a fháil ó shonraí bithmhéadracha, ach níor cheart go mbeadh sé indéanta na sonraí bithmhéadracha céanna a fháil ó na teimpléid bhithmhéadracha. Ós rud é gur in SIS amháin a stóráiltear sonraí loirg dearnan agus próifílí ADN, agus nach mbaintear úsáid astu ach amháin chun críocha SIS agus nach féidir iad a úsáid chun cros-seiceáil a dhéanamh le sonraí atá i gcórais faisnéise eile, níor cheart, de réir phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, do BMS comhroinnte próifílí ADN ná teimpléid bhithmhéadracha a fhaightear ó shonraí loirg dearnan a stóráil.

(20) Meastar gur sonraí pearsanta íogaire iad sonraí bithmhéadracha. Ba cheart bonn a leagan síos sa Rialachán seo le haghaidh phróiseáil na sonraí sin agus na coimircí a leagan síos a bheidh ar phróiseáil na sonraí sin chun críche shainaithint uathúil na ndaoine lena mbaineann.

(21) Le EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN, éilítear go ndéantar na daoine a bhfuil a gcuid sonraí stóráilte iontu a shainaithint go cruinn. Dá bhrí sin, ba cheart do CIR sainaithint cheart na ndaoine atá cláraithe sna córais sin a éascú.

(22) D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na sonraí pearsanta a stóráiltear sna córais faisnéise AE sin leis na daoine céanna a bhfuil céannachtaí éagsúla acu nó a bhfuil a sonraí céannachta neamhiomlán. Tá bealaí éifeachtúla ag na Ballstáit chun a saoránaigh nó buanchónaitheoirí cláraithe a shainaithint ina gcríoch. Ba cheart don idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE rannchuidiú le ceart-sainaithint daoine atá sna córais sin. Na sonraí pearsanta a bhaineann le daoine atá sna córais cheana agus atá riachtanach chun sainaithint níos cruinne na ndaoine sin a bhfuil a sonraí sna córais sin, lena n-áirítear sonraí i dtaca lena sonraí céannachta, a sonraí doiciméad taistil agus a sonraí bithmhéadracha, gan beann ar an gcóras inar bailíodh na sonraí i dtús báire, ba cheart iad a stóráil sa CIR. Is iad na sonraí pearsanta atá fíor-riachtanach chun seiceáil chruinn céannachta a dhéanamh, agus iadsan amháin, ba cheart a stóráil in CIR. Níor cheart na sonraí pearsanta a stóráiltear in CIR a choinneáil níos faide ná mar atá fíor-riachtanach chun críocha na gcóras foluiteach, agus ba cheart iad a scriosadh go huathoibríoch nuair a scriostar na sonraí sna córais fholuiteacha i gcomhréir lena scaradh loighciúil.

([4]) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

(23) Tá gá le hoibríocht phróiseála nua, atá comhdhéanta de stóráil na sonraí sin sa CIR seachas iad a bheith stóráilte i ngach ceann de na córais ar leithligh, chun gur féidir feabhas a chur ar chruinneas na sainaitheanta atá indéanta trí chomparáid agus meaitseáil uathoibrithe na sonraí sin. In ainneoin go stóráiltear sonraí céannachta, sonraí doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha in CIR, níor cheart go gcuirfeadh an méid sin bac ar bhealach ar bith ar phróiseáil na sonraí chun críocha EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó ECRIS-TCN, ós rud é gur cheart do CIR a bheith ina chomhchuid chomhroinnte nua de na córais fholuiteacha sin.

(24) Dá bhrí sin, is gá sainchomhad a chruthú sa stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) do gach duine atá cláraithe in EES, in VIS, ETIAS, Eurodac nó ECRIS-TCN chun críche ceart-sainaitheanta dhaoine laistigh de limistéar Schengen, agus chun tacú leis an MID an dá chuspóir, eadhon seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac, a bhaint amach. Ba cheart an fhaisnéis chéannachta uile atá nasctha le duine in aon áit amháin a bheith stóráilte sa sainchomhad aonair agus ba cheart, mar gheall ar an bhfaisnéis sin, rochtain a bheith ag na húsáideoirí deiridh cuí-údaraithe orthu.

(25) Ar an gcaoi sin, ba cheart don CIR rochtain na n-údarás atá freagrach as cosc, brath nó imscrúdú cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile ar na córais faisnéise AE, ar córais iad nár bunaíodh go heisiach chun coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, nó a imscrúdú, a éascú agus a shruthlíniú.

(26) Ba cheart don CIR foráil do stóras comhroinnte le haghaidh sonraí céannachta, doiciméad taistil agus sonraí bithmhéadracha daoine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN. Ba cheart dó a bheith mar chuid d'ailtireacht theicniúil na gcóras sin agus fónamh mar an chomhchuid chomhroinnte eatarthu chun sonraí céannachta, sonraí doiciméad taistil agus sonraí bithmhéadracha á bpróiseáil acu, á stóráil acu, agus á gcuardach acu.

(27) Ba cheart na taifid uile atá sa CIR a scaradh go loighciúil trí gach taifead a chlibeáil go huathoibríoch le clib a léireoidh ainm an chórais fholuitigh ar leis an taifead sin. Ba cheart rochtain a bheith nó gan a bheith ar an taifead ag brath ar úsáid na gclibeanna sin i rialaithe rochtana CIR.

(28) Más rud é nach bhfuil údarás póilíneachta i mBallstát in ann duine a shainaithint mar gheall nach ann do dhoiciméad taistil ná do dhoiciméad creidiúnach eile a thugann cruthúnas i dtaobh chéannacht an duine sin, nó más rud é go bhfuil aon amhras ann faoi na sonraí céannachta a bheidh soláthraithe ag an duine sin nó i dtaobh bharántúlacht an doiciméid taistil nó chéannacht a shealbhóra, nó más rud é nach bhfuil ar chumas an duine sin comhoibriú nó go ndiúltaíonn sé comhoibriú, ba cheart don údarás póilíneachta sin CIR a chuardach chun an duine sin a shainaithint. Chun na críche sin, ba cheart do na húdaráis phóilíneachta méarloirg a ghabháil trí úsáid a bhaint as teicnící méarloirg beo-scannta, ar choinníoll go gcuireadh tús leis an nós imeachta i láthair an duine sin. Ní cheadófar cuardaigh den sórt sin in CIR a dhéanamh chun mionaoisigh atá faoi 12 bhliain d'aois a shainaithint, mura rud é gur chun sárleasanna an linbh é an méid sin a dhéanamh.

(29) I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an duine a úsáid nó i gcás ina gclisfidh ar an gcuardach leis na sonraí sin, ba cheart an cuardach a dhéanamh le sonraí céannachta an duine i dteannta shonraí an doiciméid taistil. I gcás ina léireoidh an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte sa CIR, ba cheart rochtain a bheith ag údaráis na mBallstát ar shonraí céannachta agus sonraí dhoiciméad taistil an duine sin in CIR lena gceadú, gan CIR aon eolas a thabhairt faoin gcóras faisnéise AE lena mbaineann na sonraí.

(30) Ba cheart do na Ballstáit bearta reachtacha náisiúnta a ghlacadh lena n-ainmnítear na húdaráis is inniúil maidir le seiceálacha céannachta a dhéanamh tríd CIR a úsáid agus lena leagtar síos nósanna imeachta, coinníollacha agus critéir na seiceálacha sin ar cheart dóibh a bheith i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Ba cheart foráil a dhéanamh, go háirithe, sa dlí náisiúnta maidir leis an gcumhacht chun sonraí bithmhéadracha a bhailiú le linn seiceáil céannachta ar dhuine a thagann os comhair baill foirne de chuid na n-údarás sin.

(31) Leis an Rialachán seo, ba cheart go dtabharfaí isteach freisin féidearthacht nua maidir le rochtain shruthlínithe ar shonraí sa bhreis ar na sonraí céannachta nó na sonraí doiciméid taistil atá in EES, VIS, ETIAS nó Eurodac a bheith ag na húdaráis ainmnithe sna Ballstáit atá freagrach as cosc, brath nó imscrúdú cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile agus ag Europol. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sonraí den sórt sin chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú más rud é go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go rannchuideodh seiceáil na sonraí sin leis na cionta sceimhlitheoireachta nó na cionta coiriúla tromchúiseacha eile sin a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe má tá amhras ann gur duine a bhfuil a chuid sonraí stóráilte in EES, VIS, ETIAS nó Eurodac atá in amhrastach, i ndéantóir nó in íospartach an chiona sceimhlitheoireachta nó an chiona choiriúil thromchúisigh eile.

(32) Rochtain iomlán ar na sonraí atá sna córais faisnéise AE atá riachtanach chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, sa bhreis ar rochtain ar na sonraí céannachta nó ar na sonraí doiciméid taistil ábhartha atá sa CIR, ba cheart go leanfadh an rochtain sin de bheith á rialú leis na forálacha sna hionstraimí dlí is infheidhme. Ní bhíonn a fhios ag na húdaráis ainmnithe atá freagrach as cosc, brath nó imscrúdú cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile ná ag Europol roimh ré cé acu de na córais faisnéise AE ina bhfuil sonraí na ndaoine atá á bhfiosrú acu. Fágann sé sin gurb ann do mhoilleanna agus neamhéifeachtúlachtaí. Ba cheart cead ag bheith ag an úsáideoir deiridh arna údarú ag an údarás ainmnithe, dá bhrí sin, breathnú cén ceann de na córais faisnéise AE sin ina bhfuil na sonraí a bhaineann le cuardach. Chuirfí bratach leis an gcóras lena mbaineann ar an gcaoi sin, tar éis fíorú uathoibrithe a fháil go bhfuil meaits sa chóras (feidhmiúlacht na brataí meaitseála, mar a thugtar air).

(33) Sa chomhthéacs sin, níor cheart freagra ó CIR a léirthuiscint ná a úsáid mar fhoras nó cúis chun teacht ar thátail i dtaobh duine ná chun bearta a ghlacadh i leith duine, ach ba cheart an freagra a úsáid chun na críche amháin go ndéanfar iarraidh ar rochtain a chur isteach chuig na córais faisnéise AE fholuiteacha, faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sna hionstraimí dlí faoi seach lena rialaítear an rochtain sin. Ba cheart aon iarraidh ar rochtain den sórt sin a bheith faoi réir Caibidil VII den Rialachán seo agus, de réir mar is infheidhme, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) nó Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(34) Mar riail ghinearálta, i gcás ina léiríonn bratach mheaitseála go bhfuil na sonraí taifeadta in Eurodac, ba cheart do na húdaráis ainmnithe nó Europol rochtain iomlán ar cheann amháin ar a laghad de na córais faisnéise AE lena mbaineann a iarraidh. Más rud é, ar bhonn eisceachtúil, nach n-iarrtar an rochtain iomlán sin, mar shampla mar go bhfuil na sonraí faighte cheana féin ar bhealach eile ag na húdaráis ainmnithe nó ag Europol, nó más rud é nach gceadaítear a thuilleadh faoin dlí náisiúnta na sonraí a fháil, ba cheart an réasúnú a bhí le gan rochtain a iarraidh a thaifeadadh.

(35) Ba cheart cuspóir na gcuardach a léiriú i logaí cuardaigh an CIR. I gcás ina ndéanfar an cuardach agus úsáid á baint as an gcur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú, ba cheart a áireamh sna logaí tagairt do chomhad náisiúnta an imscrúdaithe nó an cháis, rud a léireoidh ar an tslí sin gur seoladh an cuardach sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

(36) Ní mór sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil go huathoibrithe chun go bhféadfaidh na húdaráis ainmnithe nó Europol an CIR a chuardach chun freagra de chineál na brataí meaitseála a fháil a léiríonn go bhfuil na sonraí taifeadta in EES, VIS, ETIAS nó Eurodac. Níor cheart go nochtfadh bratach mheaitseála sonraí pearsanta an duine lena mbaineann taobh amuigh dá léiriú go bhfuil cuid dá shonraí stóráilte i gceann de na córais. Níor cheart don úsáideoir deiridh aon chinneadh dochrach a dhéanamh i dtaobh an duine lena mbaineann ar bhonn bratach mheaitseála a bheith ann, agus ar an mbonn sin amháin. Maidir le rochtain a bheith ag an úsáideoir deiridh ar bhratach mheaitseála, dá bhrí sin, is beag an cur isteach a bheadh aici ar cheart an duine lena mbaineann go ndéanfaí shonraí pearsanta a chosaint, lena gceadaítear don údarás ainmnithe agus do Europol a n-iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla tríd an méid sin a dhéanamh.

(37) Ba cheart MID a bhunú chun tacú le feidhmiú an CIR agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN. Chun go mbeidh na córais faisnéise AE uile éifeachtúil i gcomhlíonadh a gcuid cuspóirí faoi seach, ní mór na daoine a stóráiltear a sonraí pearsanta iontu a shainaithint go cruinn.

(38) Chun gur fearr a fhéadfar cuspóirí na gcóras faisnéise AE a ghnóthú, ba cheart go mbeifí in ann leis na córais sin fíoruithe atá iontaofa a ndóthain a dhéanamh ar chéannachtaí na ndaoine a bhfuil a sonraí stóráilte i gcórais éagsúla. D'fhéadfadh an tacar sonraí céannachta nó na sonraí doiciméid taistil atá stóráilte i gcóras ar leith

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([6]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

a bheith mícheart, neamhiomlán nó calaoiseach, agus níl aon bhealach ann faoi láthair chun sonraí céannachta nó sonraí doiciméid taistil atá mícheart, neamhiomlán nó calaoiseach a bhrath trína gcur i gcomparáid le sonraí atá stóráilte i gcóras eile. Chun an staid sin a réiteach, tá gá le hionstraim theicniúil ar leibhéal an Aontais lenar féidir daoine a shainaithint go cruinn chun na gcríoch sin.

(39) Ba cheart go gcruthófaí agus go stórálfaí sa MID naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise éagsúla an Aontais Eorpaigh chun ilchéannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Níor cheart a bheith in MID ach naisc idir sonraí ar dhaoine aonair a bhfuil a sonraí i níos mó ná córas faisnéise amháin de chuid an Aontais Eorpaigh. Ba cheart na sonraí nasctha sin a bheith srianta go docht do na sonraí is gá chun a fhíorú go bhfuil duine taifeadta ar shlí a bhfuil bonn cirt léi nó ar shlí nach bhfuil bonn cirt léi faoi chéannachtaí éagsúla i gcórais éagsúla, nó chun a shoiléiriú go bhféadfadh sé nach é an duine céanna atá ann i gcás beirt a bhfuil sonraí céannachta cosúla acu. An phróiseáil sonraí a dhéantar tríd an ESP agus BMS chomhroinnte BMS comhroinnte chun sainchomhaid atá i gcórais éagsúla a nascadh, ba cheart í a choinneáil ag an íosleibhéal is bunúsaí agus, dá bhrí sin, tá sí teoranta d'ilchéannachtaí a bhrath ag an tráth a chuirtear sonraí nua le ceann de na córais ina ndéantar sonraí a stóráil sa CIR nó a chuirtear in SIS. Ba cheart coimircí i gcoinne idirdhealú a d'fhéadfadh tarlú agus cinntí neamhfhabhracha i gcás daoine a bhfuil ilchéannachtaí dleathacha acu a bheith ar áireamh in MID.

(40) Foráiltear leis an Rialachán seo d'oibríochtaí nua próiseála sonraí atá ceaptha ceart-sainaithint na ndaoine lena mbaineann a áirithiú. Is cur isteach an fhoráil sin ar a gcearta bunúsacha arna gcosaint le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go bhfuil cur chun feidhme éifeachtúil na gcóras faisnéise AE ag brath ar cheart-sainaithint na ndaoine lena mbaineann, tá bonn cirt leis an gcur isteach sin ar bhonn na gcuspóirí céanna dar bunaíodh gach ceann de na córais sin, eadhon bainistiú éifeachtúil theorainneacha an Aontais, slándáil inmheánach an Aontais agus cur chun feidhme éifeachtúil bheartais tearmainn agus víosaí an Aontais.

(41) Ba cheart don ESP agus don BMS comhroinnte sonraí ar dhaoine atá sa CIR agus in SIS a chur i gcomparáid nuair a chruthaíonn nó a uaslódálann údarás náisiúnta nó gníomhaireacht de chuid an Aontais taifid nua. Ba cheart an chomparáid sin a dhéanamh ar bhonn uathoibrithe. Ba cheart do CIR agus do SIS úsáid a bhaint as BMS comhroinnte chun naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, ar bhonn na sonraí bithmhéadracha. Chun naisc ar bhonn sonraí alfa-uimhriúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, ba cheart do CIR agus do SIS úsáid a bhaint as ESP. Ba cheart go mbeadh CIR agus SIS in ann sonraí céanna nó sonraí cosúla a bhaineann leis an duine agus atá stóráilte i roinnt córas éagsúil a shainaithint. I gcás den sórt sin, ba cheart nasc a bhunú lena léirítear gurb é an duine céanna é. Ba cheart CIR agus SIS a chumrú sa chaoi agus go mbraitear botúin bheaga traslitrithe nó litrithe ionas nach gcuirfear aon bhac gan údar ar an duine lena mbaineann.

(42) Ba cheart don údarás náisiúnta nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais a rinne na sonraí a thaifeadadh sa chóras faisnéise AE faoi seach na naisc sin a dheimhniú nó a athrú. Ba cheart rochtain a bheith ag an údarás náisiúnta nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais seo ar na sonraí atá stóráilte sa CIR nó in SIS agus sa MID chun críche céannachta éagsúla a fhíorú de láimh.

(43) Ba cheart don údarás a chruthaigh nó a nuashonraigh na sonraí a thionscain meaits, lenar léiríodh nasc le sonraí atá stóráilte cheana i gcóras faisnéise AE eile, a áirithiú go ndéantar fíorú de láimh ar chéannachtaí éagsúla. Ba cheart don údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh a mheas an ann d'ilchéannachtaí atá ag tagairt don duine céanna ar mhodh a bhfuil bonn cirt leis nó ar mhodh nach bhfuil bonn cirt leis. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh, i gcás inarb indéanta sin, i láthair an duine lena mbaineann agus, i gcás inar gá, trí bhreis soiléirithe nó faisnéise a iarraidh. Ba cheart measúnú den sórt sin a dhéanamh gan mhoill, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla maidir le cruinneas faisnéise faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

(44) I gcás na nasc arna bhfáil trí SIS a bhaineann leis na foláirimh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun iad a thabhairt suas nó a eiseachadadh, maidir le daoine atá ar iarraidh nó daoine leochaileacha, maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach nó maidir le daoine atá faoi réir seiceálacha discréideacha nó seiceálacha fiosrúcháin ba cheart gurbh é Oifig SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh an t-údarás a bheadh freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh. Go

deimhin, is catagóirí íogaire iad na catagóirí sin d'fholáirimh SIS agus níor cheart gur gá go ndéanfaí iad a chomhroinnt leis na húdaráis a chruthaíonn nó a nuashonraíonn na sonraí i gceann de na córais faisnéise AE eile. Maidir le nasc a chruthú le sonraí SIS, ba cheart go mbeadh sé sin gan dochar do na gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/1860 ([8]), (AE) 2018/1861 ([9]) agus (AE) 2018/1862 ([10]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(45) Le cruthú nasc den sórt sin, éilítear trédhearcacht i leith na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh. Chun cur chun feidhme na gcoimircí riachtanacha i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme a éascú, ba cheart daoine aonair atá faoi réir nasc dearg nó nasc bán i ndiaidh na céannachta éagsúla a fhíorú de láimh a chur ar an eolas i scríbhinn gan dochar do theorannuithe ar mhaithe le slándáil agus ord poiblí a chosaint, coireacht a chosc agus ráthaíocht a thabhairt nach ndéantar díobháil d'imscrúdaithe náisiúnta. Ba cheart go bhfaigheadh na daoine aonair sin uimhir aitheantais aonair lena bhféadfaidh siad an t-údarás ar cheart dóibh dul i dteagmháil leo chun a gcearta a theachtadh a shainaithint.

(46) I gcás ina gcruthaítear nasc buí ba cheart rochtain ar MID a bheith ag na húdarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh. I gcás ina bhfuil nasc dearg ann, ba cheart rochtain ar MID a bheith ag údaráis sna Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bhfuil rochtain acu ar cheann amháin ar a laghad de na córais faisnéise AE atá in CIR nó go mbeadh rochtain ar SIS acu. Ba cheart go dtabharfadh nasc dearg le tuiscint go bhfuil céannachtaí éagsúla in úsáid ag duine ar bhealach nach bhfuil bonn cirt leis nó go bhfuil céannacht duine eile in úsáid ag duine.

(47) I gcás ina bhfuil nasc bán nó uaine ann idir sonraí as dhá cheann de na córais faisnéise AE, ba cheart rochtain ar MID ag bheith ag údaráis sna Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais sa chás go bhfuil rochtain ag an údarás nó ag an ngníomhaireacht lena mbaineann ar an dá chóras faisnéise. Ba cheart an rochtain sin a dheonú chun na críche amháin go gceadófaí don údarás sin nó don ghníomhaireacht cásanna féideartha inar nascadh sonraí ar bhealach mícheart a bhrath nó go ndearnadh na sonraí atá próiseáilte in MID, CIR agus SIS a phróiseáil de shárú ar an Rialachán seo agus go bhféadfaidh siad na gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an staid a cheartú agus nasc nua a chur in ionad an naisc sin.

(48) Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) sásraí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus táscairí coiteanna cáilíochta sonraí a bhunú. Ba cheart do eu-LISA a bheith freagrach as inniúlacht lárnach faireacháin a fhorbairt le haghaidh cáilíocht sonraí agus as tuarascálacha rialta ar anailísiú sonraí a chur ar fáil chun rialú chur chun feidhme na gcóras faisnéise AE ag na Ballstáit a fheabhsú. Ba cheart na híoschaighdeáin cháilíochta i dtaca le sonraí a stóráil sna córais faisnéise AE, nó na comhchodanna idir-inoibritheachta, a áireamh sna táscairí coiteanna cáilíochta. Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc ag caighdeáin cáilíochta sonraí den sórt sin go sainaithneodh na córais faisnéise AE nó na comhchodanna idir-inoibritheachta go huathoibríoch sonraí arna gcur isteach ar dócha iad a bheith mícheart nó neamhréireach chun go bhféadfadh an Ballstát tionscnaimh na sonraí a fhíorú agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a dhéanamh.

(49) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha cáilíochta eu-LISA agus moltaí a eisiúint do na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as plean gníomhaíochta a ullmhú ina mbeadh cur síos ar ghníomhaíochtaí maidir le haon easnaimh sa cháilíocht sonraí a leigheas agus ba cheart tuairisc rialta a thabhairt ar dhul chun cinn an phlean sin.

(50) Ba cheart don fhormáid uilíoch teachtaireachta (UMF) a fheidhmiú mar chaighdeán le haghaidh malartú struchtúrtha, trasteorann faisnéise idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile. Ba cheart do UMF stór focal coiteann agus struchtúir loighciúla le haghaidh faisnéis arna malartú go comhpháirteach a shainiú agus é mar chuspóir leis idir-inoibritheacht a éascú trí chruthú agus léamh inneachar na malartuithe a chumasú ar bhealach comhsheasmhach agus atá coibhéiseach ó thaobh na séimeantaice de.

(51) Féadfar cur chun feidhme chaighdeán UMF a bhreithniú in VIS, in SIS agus in aon samhlacha malartaithe faisnéise eile agus córais faisnéise trasteorann atá nua nó atá ann cheana i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, arna bhforbairt ag na Ballstáit.

([8]) Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

(52) Ba cheart lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) a bhunú ar mhaithe le sonraí staidrimh traschórais a ghiniúint agus tuairisciú anailíseach a dhéanamh chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí i gcomhréir leis na hionstraimí dlí de réir mar is infheidhme. Ba cheart do eu-LISA CRRS a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Ba cheart sonraí staidrimh i ndíth ainm ann a fhaightear ó na córais faisnéise AE, ó CIR, ó MID agus ó BMS comhroinnte a bheith ann. Níor cheart go mbeifí in ann daoine a shainaithint ó na sonraí atá in CRRS. Ba cheart do eu-LISA na sonraí a chur i ndíth ainm ar mhodh uathoibrithe agus na sonraí i ndíth ainm sin a thaifeadadh in CRRS. Ba cheart an córas chun sonraí a chur i ndíth ainm a bheith uathoibrithe agus níor cheart aon rochtain dhíreach a thabhairt d'fhoireann eu-LISA ar aon sonraí pearsanta atá stóráilte sna córais faisnéise AE nó sna comhchodanna idir-inoibritheachta.

(53) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch idir-inoibritheachta faoin Rialachán seo ag na húdaráis náisiúnta, ach amháin más iad na húdaráis ainmnithe nó lárphointí rochtana na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

(54) Maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Ballstáit chun críocha idir-inoibritheachta faoin Rialachán seo, sa chás gurb iad na húdaráis inniúla a dhéanann é sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, beidh feidhm ag Treoir (AE) Uimh. 2016/680.

(55) Tá feidhm freisin ag Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 nó, i gcás inarb ábhartha, Treoir (AE) 2016/680 maidir le haon aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisúnta a dhéantar faoin Rialachán seo. Gan dochar do na forais don aistriú de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 nó, i gcás inarb ábhartha, Treoir (AE) 2016/680, níor cheart i gcás aon bhreithiúnas ó chúirt nó binse ná aon chinneadh ó údarás riaracháin tríú tír a cheanglaíonn ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí sonraí pearsanta a aistriú nó a nochtadh go bhféadfaí iad a aithint nó a bheith infheidhmithe ar aon slí ach amháin má tá sé bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó Ballstát.

(56) Na forálacha sonracha maidir le cosaint sonraí atá i Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 ([11]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta sna córais de réir mar a rialaítear iad leis na Rialacháin sin.

(57) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag eu-LISA agus ag institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh acu, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/794 a bhfuil feidhm aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Europol.

(58) Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/679 nó le Treoir (AE) 2016/680 faireachán a dhéanamh ar dhleathacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí amhail faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus do na húdaráis mhaoirseachta dul i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta le comhchodanna idir-inoibritheachta. Chun go gcomhlíonfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí na cúraimí a chuirtear ar iontaoibh air faoin Rialachán seo, tá dóthain acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, ag teastáil.

(59) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus thug sé tuairim uaidh an 16 Aibreán 2018 ([13]).

(60) An 11 Aibreán 2018, rinne Meitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí tuairim a thabhairt.

(61) Ba cheart do na Ballstáit agus do eu-LISA araon pleananna slándála a chothabháil chun cur chun feidhme na n-oibleagáidí slándála a éascú agus ba cheart dóibh comhoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála. Ba cheart do eu-LISA a áirithiú freisin go bhfuil na forbairtí teicneolaíochta is déanaí in úsáid i rith an ama chun sláine sonraí a áirithiú i gcomhthéacs forbartha, deartha agus bainistithe na

([11]) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (Féach leathanach 1 den Irish Oifigiúil).

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

([13]) IO C 233, 4.7.2018, lch. 12.

gcomhchodanna idir-inoibritheachta. Maidir leis na hoibleagáidí atá ar eu-LISA ina leith sin, ba cheart go mbeadh ar áireamh orthu bearta atá riachtanach chun go gcoiscfear rochtain ag daoine neamhúdaraithe, amhail daoine atá ag obair do sholáthraithe seirbhíse seachtracha, ar shonraí pearsanta a phróiseáiltear trí na comhchodanna idir-inoibritheachta. Nuair a bhíonn conarthaí á ndámhachtain le haghaidh soláthar seirbhísí, ba cheart go mbreithneodh na Ballstáit agus eu-LISA gach bearta is gá chun comhlíonadh na ndlíthe nó na rialachán a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideacht na ndaoine aonair a áirithiú nó chun leasanna slándála bunriachtanacha a choimirciú de bhun Rialachán (AE) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme. Ba cheart do eu-LISA prionsabail na príobháideachta trí dhearadh agus trí réamhshocrú a chur i bhfeidhm le linn dó a bheith ag forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta.

(62) Chun tacú le cuspóirí an staidrimh agus an tuairiscithe, is gá rochtain a thabhairt d'fhoireann údaraithe na n-údarás inniúil agus d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Rialachán seo ar shonraí áirithe a cheadú a bhaineann le comhchodanna idir-inoibritheachta áirithe gan sainaithint daoine aonair a chumasú.

(63) Chun go mbeidh na húdaráis an Bhallstáit agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais in ann oiriúnú do na ceanglais nua maidir le húsáid ESP, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse a bheith ann. Ar an gcaoi chéanna, chun foráil d'fheidhmiú comhleanúnach optamach an MID, ba cheart bearta idirthréimhseacha a bhunú le haghaidh thús a chuid oibríochtaí.

(64) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat idir-inoibritheachta a bhunú idir córais faisnéise AE, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(65) Ba cheart, dá bhrí sin, anméid atá fágtha sa bhuiséad atá curtha i leataobh do theorainneacha cliste i Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) a ath-leithdháileadh chuig an Rialachán seo, de bhun Airteagal 5(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 chun na costais a ghabhainn le forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta a chlúdach.

(66) Chun gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le:

— fadú a dhéanamh ar an idirthréimhse le haghaidh úsáid ESP;

— fadú a dhéanamh ar an idirthréimhse le haghaidh úsáid brath ilchéannachtaí do Láraonad ETIAS;

— nósanna imeachta chun cásanna a bhrath inar féidir a mheas go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile;

— i dtaca leis na rialacha maidir le hoibriú CRRS, lena n-áirítear coimircí sonracha le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta agus na rialacha slándála is infheidhme i leith an stórais; agus

— i dtaca le rialacha mionsonraithe maidir le hoibriú na tairsí gréasáin.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ([16]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(67) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na dátaí a chinneadh óna gcuirfear tús le hoibríochtaí ESP, BMS comhroinnte, CIR, MID agus CRRS.

([14]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

([16]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(68) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin i ndáil le rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas: mionsonraí teicniúla phróifílí úsáideoirí ESP; sonraíochtaí an réitigh theicniúil lena gceadaítear cuardach a dhéanamh ar na córais faisnéise AE, ar shonraí Europol agus ar bhunachair sonraí Interpol trí ESP agus formáid na bhfreagraí ó ESP; na rialacha teicniúla chun naisc a chruthú in MID idir sonraí ó chórais faisnéise AE éagsúla; inneachar agus cur i láthair na foirme atá le húsáid chun a chur in iúl don ábhar sonraí go bhfuil nasc dearg cruthaithe; na ceanglais feidhmíochta agus faireachán feidhmíochta i ndáil le BMS comhroinnte; sásraí, nósanna imeachta agus táscairí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí; forbairt chaighdeán UMF; n nós imeachta comhair atá le húsáid i gcás teagmhais slándála; agus sonraíochtaí an réitigh theicniúil do na Ballstáit chun bainistiú a dhéanamh ar iarrataí ar rochtain d'úsáideoirí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]).

(69) De bhrí go mbeidh próiseáil ar mhéideanna suntasacha de shonraí pearsanta íogaire i gceist leis na comhchodanna idir-inoibritheachta, tá sé tábhachtach gur féidir leis na daoine a bhfuil a gcuid sonraí á bpróiseáil trí na comhchodanna sin a gcearta mar ábhair sonraí, amhail mar a éilítear faoi Rialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2018/1725, a fheidhmiú. Ba cheart tairseach ghréasáin a sholáthar do na hábhair sonraí a bheidh mar éascú dóibh i bhfeidhmiú na gceart atá acu i leith rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus na sonraí sin a cheartú agus a léirscriosadh agus próiseáil na sonraí sin a shrianadh. Ba cheart do eu-LISA tairseach ghréasáin den sórt sin a bhunú agus a bhainistiú.

(70) Ceann de chroíphrionsabail na cosanta sonraí is ea íoslaghdú a dhéanamh ar shonraí, faoi Airteagal 5(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679, ar a chaithfidh próiseáil sonraí a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil. Ar an gcúis sin, níor cheart do na comhchodanna idir-inoibritheachta foráil a dhéanamh do stóráil aon sonraí pearsanta nua, cé is moite de na naisc a stórálfar in MID agus arb iad sin an t-íosmhéid is gá chun críocha an Rialacháin seo.

(71) Ba cheart forálacha soiléire a bheith sa Rialachán seo maidir le dliteanas agus leis an gceart chun cúiteamh a fháil ar phróiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta nó as aon ghníomhaíocht eile nach bhfuil ag luí leis sin. Ba cheart forálacha den sórt sin a bheith gan dochar don cheart cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí, ná do dhliteanas an rialaitheora nó an phróiseálaí, faoi Rialachán (AE) 2016/679, faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart do eu-LISA a bheith freagrach as aon damáiste a rinne sé mar phróiseálaí sonraí i gcás nár chomhlíon sé na hoibleagáidí a chuirtear go sonrach air faoin Rialachán seo, nó i gcás inar ghníomhaigh sé lasmuigh de threoracha dleathacha an Bhallstáit is rialaitheoir sonraí nó i gcás inar ghníomhaigh sé contrártha do na treoracha sin.

(72) Is gan dochar an Rialachán seo do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]).

(73) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen, a mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin Rialachán seo an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta féin é.

(74) A mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, tá an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Chinneadh 2000/365/CE ón gComhairle ([19]). Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann a chuid forálacha le Eurodac agus le ECRIS-TCN, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe, le litir an 18 Bealtaine 2018, gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([18]) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus a mball teaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

([19]) Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

(75) A mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, d'fhéadfadh Éire, i bprionsabal, bheith rannpháirteach sa Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([20]). Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann a chuid forálacha le Eurodac agus le ECRIS-TCN, i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é nach bhfuil sé indéanta sna himthosca sin a áirithiú go bhfuil an Rialachán seo infheidhme ina iomláine maidir le hÉirinn, mar a cheanglaítear le hAirteagal 288 CFAE, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, gan dochar dá cearta faoi Phrótacail Uimh. 19 agus Uimh. 21.

(76) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas na Ríochta sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([21]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe G de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([22]).

(77) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([23]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí G de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/GCB ón gComhairle ([24]).

(78) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1862, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([25]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí G de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([26]).

(79) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(80) Chun go mbeadh an Rialachán seo ag luí leis an gcreat dlí atá ann cheana, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) agus Rialacháin (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816. a leasú dá réir sin,

---

([20]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([21]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([22]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([23]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([24]) Cinneadh 2008/149/GCB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

([25]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([26]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([27]) Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, in éineacht le Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), Eurodac, Córas Faisnéise Schengen (SIS), agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN).

2. Beidh sa chreat sin na comhchodanna idir-inoibritheachta seo a leanas:

(a) tairseach chuardaigh Eorpach (ESP);

(b) seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS comhroinnte);

(c) stóras coiteann sonraí céannachta (CIR);

(d) brathadóir ilchéannachtaí (MID).

3. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin forálacha maidir le ceanglais cáilíochta sonraí, maidir le formáid uilíoch teachtaireachta (UMF), maidir le lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) agus maidir le freagrachtaí na mBallstát agus na Gníomhaireachta Eorpaí chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), i dtaca le dearadh, forbairt agus oibríocht na gcomhchodanna idir-inoibritheachta.

4. Leis an Rialachán seo, déantar na nósanna imeachta agus na coinníollacha a oiriúnú freisin le haghaidh na n-údarás ainmnithe agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) i dtaca le rochtain a fháil ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

5. Leis an Rialachán seo, leagtar síos freisin creat chun céannacht daoine a fhíorú agus chun daoine a shainaithint.

Airteagal 2

Cuspóirí

1. Tríd an idir-inoibritheacht a áirithiú, tá ag an Rialachán seo na cuspóirí seo a leanas:

(a) éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha a fheabhsú;

(b) rannchuidiú le hinimirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac;

(c) rannchuidiú le hardleibhéal slándála i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais, lena n-áirítear slándáil phoiblí agus beartas poiblí a chothabháil agus slándáil a choimirciú ar chríocha na mBallstát;

(d) cur chun feidhme an chomhbheartais víosaí a fheabhsú;

(e) cúnamh a thabhairt iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú;

(f) rannchuidiú le cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

(g) sainaithint daoine nach eol cé hiad agus nach bhfuil in ann a gcéannacht a léiriú nó taisí daonna gan aithne i gcás de thubaiste nádúrtha, timpiste nó ionsaí sceimhlitheoireachta a éascú.

2. Na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1, bainfear amach iad tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ceart-sainaithint daoine a áirithiú;

(b) rannchuidiú le calaois aitheantais a chomhrac;

([28]) Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse teorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (Féach leathanach 27 den Iris Oifigiúil seo).

(c) cáilíocht sonraí a fheabhsú agus na ceanglais cháilíochta le haghaidh na sonraí a stóráiltear sna córais faisnéise AE a chomhchuibhiú, agus ag an am céanna ceanglais próiseála sonraí na n-ionstraimí dlí lena rialaítear na córais ar leith, mar aon le caighdeáin agus prionsabail cosanta sonraí, a urramú;

(d) na Ballstáit a éascú, agus tacú leo, i gcur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil na gcóras faisnéise AE;

(e) na coinníollacha slándála sonraí agus cosanta sonraí lena rialaítear na córais faisnéise AE faoi seach a neartú, a shimpliú, agus iad a dhéanamh níos aonfhoirmí, gan difear a dhéanamh don chosaint speisialta ná do na coimircí a thugtar do chatagóirí áirithe sonraí;

(f) na coinníollacha maidir le rochtain ag údaráis ainmnithe ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac a shruthlíniú, agus fós coinníollacha riachtanacha agus comhréireacha don rochtain sin a áirithiú;

(g) tacú le críocha EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN.

Airteagal 3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le Eurodac, SIS, agus ECRIS-TCN.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le sonraí Europol sa mhéid go gcumasófar cuardach a dhéanamh orthu san am céanna leis na córais faisnéise AE dá dtagraítear i mír 1.

3. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine a bhféadfar a sonraí pearsanta a phróiseáil sna córais faisnéise AE dá dtagraítear i mír 1 agus i sonraí Europol dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "teorainneacha seachtracha" teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]);

(2) ciallaíonn "seiceálacha teorann" seiceálacha teorann mar a shainmhínítear i bpointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399;

(3) ciallaíonn "údarás teorann" an garda teorann arna shannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta chun seiceálacha teorann a dhéanamh;

(4) ciallaíonn "údaráis mhaoirseachta" an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 41(1) de Threoir (AE) 2016/680;

(5) ciallaíonn "fíorú" an próiseas arb é atá ann comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí chun bailíocht na céannachta a mhaítear a bheith ag duine a shuíomh (sampla amháin a chur i gcomparáid le sampla eile);

(6) ciallaíonn "sainaithint" an próiseas arb é atá ann céannacht duine a dheimhniú trí chuardach a dhéanamh ar iliomad tacar sonraí i mbunachar sonraí (sampla amháin a chur i gcomparáid le hiliomad samplaí);

(7) ciallaíonn "sonraí alfa-uimhriúla" sonraí a léirítear le litreacha, le digití, le saincharachtair, le spásanna agus le comharthaí poncaíochta;

(8) ciallaíonn "sonraí céannachta" na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 27(3)(a) go (e);

(9) ciallaíonn "sonraí méarlorg" íomhánna de mhéarloirg agus íomhánna de mhéarloirg neamhfhollas, trína gcumasaítear, de bharr a nádúir uathúil agus na bpointí tagartha atá iontu, comparáidí cruinne agus cinntitheacha a dhéanamh maidir le céannacht duine;

([29]) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

(10) ciallaíonn "íomhá den aghaidh" íomhánna digiteacha d'aghaidh duine;

(11) ciallaíonn "sonraí bithmhéadracha" sonraí méarlorg nó íomhánna den aghaidh, nó an bheirt acu;

(12) ciallaíonn "teimpléad bithmhéadrach" léiriú matamaitice a fhaightear trí shonraí céannachta a asbhaint ó na sonraí bithmhéadracha atá teoranta do na gnéithe a theastaíonn chun sainaithint agus fíorú a dhéanamh;

(13) ciallaíonn "doiciméad taistil" pas nó doiciméad coibhéiseach, a thugann teideal don sealbhóir dul trasna teorainneacha seachtracha agus ar féidir víosa a ghreamú de;

(14) ciallaíonn "sonraí doiciméid taistil" cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil, dáta éagtha bhailíocht an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a eisíonn an doiciméad taistil;

(15) ciallaíonn "córais faisnéise AE" EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN;

(16) ciallaíonn "sonraí Europol" sonraí pearsanta a phróiseálann Europol chun na críche dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2016/794;

(17) ciallaíonn "bunachair sonraí Interpol" bunachar sonraí Interpol faoi Dhoiciméid Taistil a Cailleadh agus a Goideadh (bunachar sonraí DTCG) agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (bunachar sonraí TDAWN);

(18) ciallaíonn "meaits" ceangal comhfhreagrach a bheith ann mar thoradh ar chomparáid uathoibrithe idir sonraí pearsanta atá taifeadta nó atá á dtaifeadadh i gcóras faisnéise nó i mbunachar sonraí;

(19) ciallaíonn "údarás póilíneachta" an t-údarás inniúil mar a shainmhínítear i bpointe (7) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/680;

(20) ciallaíonn "údaráis ainmnithe" údaráis ainmnithe sna Ballstáit mar a shainmhínítear i bpointe (26) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), i bpointe (e) d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle ([31]) agus i bpointe (21) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]);

(21) ciallaíonn 'cion sceimhlitheoireachta' cion faoin dlí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do cheann de na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]), nó atá coibhéiseach le ceann acu;

(22) ciallaíonn "cion coiriúil tromchúiseach" cion a chomhfhreagraíonn do cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle ([34]), nó atá coibhéiseach le ceann acu, má tá sé inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse de trí bliana ar a laghad;

(23) ciallaíonn "Córas Dul Isteach/Imeachta" nó "EES" an Córas Dul Isteach/Imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2226;

(24) ciallaíonn "Córas Faisnéise Víosaí" nó "VIS" an Córas Faisnéise Víosaí a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]);

(25) ciallaíonn "Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil" nó "ETIAS" an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1240;

([30]) Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (Rialachán EES) (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

([31]) Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain ar Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) a bheith ag údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus ag Europol chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain ar Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) a bheith ag údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus ag Europol chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

([32]) Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

([33]) Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

([34]) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

([35]) Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

(26) ciallaíonn "Eurodac" Eurodac a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([36]);

(27) ciallaíonn "Córas Faisnéise Schengen" nó "SIS" Córas Faisnéise Schengen a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862;

(28) ciallaíonn "ECRIS-TCN" an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/816.

Airteagal 5

Neamh-idirdhealú agus cearta bunúsacha

Ní bheidh mar thoradh ar shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an Rialacháin seo go ndéanfar idirdhealú in aghaidh daoine ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Déanfar dínit agus iomláine an duine a lán-urramú chomh maith le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine agus go gcosnófaí sonraí pearsanta. Tabharfar aird ar leith ar leanaí, daoine scothaosta, daoine a bhfuil míchumas orthu chomh maith le daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Beidh sárleasanna an linbh ina príomhchomaoin.

CAIBIDIL II

Tairseach chuardaigh Eorpach

Airteagal 6

Tairseach chuardaigh Eorpach

1. Bunaítear tairseach chuardaigh Eorpach (ESP) chun éascú a dhéanamh ar rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe ag údaráis na mBallstát agus ag gníomhaireachtaí an Aontais ar na córais faisnéise AE, ar shonraí Europol agus ar bhunachair sonraí Interpol le haghaidh chomhlíonadh a gcuid cúraimí agus i gcomhréir lena gcearta rochtana agus le cuspóirí agus críocha EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN.

2. Is é a bheidh in ESP:

(a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear tairseach chuardaigh a fhéachann le EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN, mar aon le sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol, a chuardach san am céanna;

(b) bealach cumarsáide slán idir ESP, na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais atá i dteideal ESP a úsáid;

(c) bonneagar cumarsáide slán idir ESP agus EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS Láir, ECRIS-TCN, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol agus idir ESP agus bonneagair lárnacha CIR agus MID.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh ESP agus a áiritheoidh a bhainistiú teicniúil.

Airteagal 7

Úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí

1. Beidh úsáid ESP forchoimeádta do na húdaráis sna Ballstáit agus do na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bhfuil rochtain acu ar cheann amháin ar a laghad de na córais faisnéise AE i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise AE, ar CIR, agus ar MID i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar shonraí Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 nó ar bhunachair sonraí Interpol i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta lena riailítear an rochtain sin.

Féadfaidh na húdaráis sna Ballstáit agus na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais sin úsáid a bhaint as ESP, agus as na sonraí a thagann as, chun na gcríoch agus na gcuspóirí a leagtar síos sna hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise AE sin, i Rialachán (AE) 2016/794 agus sa Rialachán seo, agus chun na gcríoch agus na gcuspóirí sin amháin.

([36]) Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú "Eurodac" chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

2. Údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, úsáidfidh siad ESP chun sonraí a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil a chuardach i lárchórais Eurodac agus ECRIS-TCN i gcomhréir lena gcearta rochtana amhail dá dtagraítear sna hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise AE sin agus sa dlí náisiúnta. Úsáidfidh siad ESP freisin chun CIR a chuardach i gcomhréir lena gcearta rochtana faoin Rialachán seo chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22.

3. Féadfaidh na húdaráis sna Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 ESP a úsáid chun sonraí a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil a chuardach in SIS Láir dá dtagraítear i Rialacháin (AE) 2018/1860 agus (AE) 2018/1861.

4. I gcás ina bhforáiltear dó faoi dhlí an Aontais, úsáidfidh gníomhaireachtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ESP chun sonraí a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil a chuardach in SIS Láir.

5. Féadfaidh údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ESP a úsáid chun sonraí a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil a chuardach i sonraí Europol i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

Airteagal 8

Próifíl le haghaidh úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí

1. Chun críocha úsáid ESP a chumasú, déanfaidh eu-LISA, i gcomhar le Ballstáit, próifíl a chruthú bunaithe ar gach catagóire úsáideora de chuid ESP agus ar críocha na gcuardach, i gcomhréir leis na mionsonraí teicniúla agus na cearta rochtana dá dtagraítear i mír 2. I gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, beidh an fhaisnéis seo a leanas i ngach proifíl:

(a) na réimsí sonraí a úsáidfear chun an cuardach a dhéanamh;

(b) na córais faisnéise AE, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol atá le cuardach agus iad ar féidir leo a chuardach agus iad a sholáthraíonn freagra don úsáideoir;

(c) na sonraí sonracha sna córais faisnéise AE, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a fhéadfar a chuardach;

(d) na catagóirí sonraí a fhéadfar a sholáthar i ngach freagra.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun mionsonraí teicniúla na bpróifílí dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le cearta rochtana na n-úsáideoirí faoi na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise AE agus faoin dlí náisiúnta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

3. Déanfaidh eu-LISA na próifílí dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú go rialta i gcomhar leis na Ballstáit, uair sa bhliain ar a laghad, agus más gá déanfar iad a nuashonrú.

Airteagal 9

Cuardaigh

1. Seolfaidh úsáideoirí ESP cuardach trí shonraí alfa-uimhriúla nó bithmhéadracha a chur ar aghaidh chuig ESP. I gcás ina mbeidh cuardach seolta, déanfaidh ESP cuardach in EES, ETIAS, VIS, SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, CIR, agus i sonraí Europol agus i mbunachair sonraí Interpol ag an am céanna trí úsáid a bhaint as na sonraí a bheidh curtha ar aghaidh ag an úsáideoir agus i gcomhréir leis an bpróifíl úsáideora.

2. Na catagóirí sonraí a úsáidfear chun cuardach a sheoladh trí ESP, beidh siad ag comhfhreagairt do na catagóirí sonraí a bhaineann le daoine nó le doiciméid taistil a fhéadfar a úsáid chun na córais faisnéise AE éagsúla, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a chuardach, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí a rialaíonn iad.

3. Déanfaidh eu-LISA, i gcomhar le Ballstáit, doiciméad um rialú comhéadain a chur chun feidhme ar bhonn an UMF dá dtagraítear in Airteagal 39 i leith ESP.

4. Tar éis don úsáideoir ESP tús a chur leis an gcuardach, déanfaidh EES, ETIAS, VIS, SIS, Eurodac, córas ECRIS-TCN, CIR agus an brathadóir ilchéannachtaí, mar aon le sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol, na sonraí atá iontu mar thoradh ar chuardach a sholáthar.

Gan dochar d'Airteagal 20, léireoidh an freagra a sholáthróidh ESP cén córas faisnéise AE nó cén bunachar sonraí lena mbaineann na sonraí.

Ní sholáthróidh ESP aon fhaisnéis maidir le sonraí sna córais faisnéise AE, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol ar sonraí iad nach bhfuil aon rochtain ag an úsáideoir orthu faoi dhlí an Aontais is infheidhme nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

5. Cuardach ar bith ar bhunachair sonraí Interpol a sheoltar trí ESP, déanfar é ar shlí a fhágfaidh nach ndéanfar aon fhaisnéis a nochtadh d'úinéir an fholáirimh Interpol.

6. Déanfaidh ESP freagraí a sholáthar don úsáideoir a thúisce a bheidh na sonraí ar fáil ó cheann amháin de na córais faisnéise AE, ó shonraí Europol nó ó bhunachair sonraí Interpol. Sna freagraí sin, ní bheidh iontu ach na sonraí a bhfuil rochtain ag an úsáideoir orthu faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

7. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an nós imeachta teicniúil don ESP cuardach a dhéanamh sna córais faisnéise AE, i sonraí Europol agus i mbunachair sonraí Interpol trí ESP a shonrú, chomh maith le formáid na bhfreagraí ó ESP. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 10

Logaí a choimeád

1. Gan dochar d'Airteagail 12 agus 18 de Rialachán (AE) 2018/1862, d'Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/816 ná d'Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2016/794, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh de ESP. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh an chuardaigh agus an phróifíl ESP a úsáidtear;

(b) dáta agus am an chuardaigh;

(c) na córais faisnéise AE agus sonraí Europol a chuardaítear.

2. Déanfaidh gach Ballstát logaí a choimeád de chuardaigh a dhéanann a údaráis agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe ESP a úsáid. Déanfaidh gach gníomhaireacht de chuid an Aontais logaí a choimeád de chuardaigh a dhéanann a foireann atá cuí-údaraithe

3. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Mura rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

Airteagal 11

Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an tairseach chuardaigh Eorpach a úsáid

1. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla ESP a úsáid chun córas faisnéise AE amháin nó níos mó nó CIR a chuardach, de dheasca chliseadh ESP, tabharfaidh eu-LISA fógra i modh uathoibrithe do na húsáideoirí ESP ina leith sin.

2. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla ESP a úsáid chun córas faisnéise AE amháin nó níos mó nó CIR a chuardach, de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra i modh uathoibrithe do eu-LISA agus don Choimisiún ina leith sin.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus go dtí go réiteofar an cliseadh teicniúil, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (4) agus déanfaidh na Ballstáit na córais faisnéise AE nó CIR a rochtain go díreach más rud é go bhfuil ceangal orthu déanamh amhlaidh faoi dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

4. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla ESP a úsáid chun córas faisnéise AE amháin nó níos mó nó CIR a chuardach, de dheasca chliseadh an bhonneagair i ngníomhaireacht de chuid an Aontais, tabharfaidh an ghníomhaireacht sin fógra i modh uathoibrithe do eu-LISA agus don Choimisiún ina leith sin.

CAIBIDIL III

Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha

Airteagal 12

Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha

1. Bunaítear seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS comhroinnte) ina stóráiltear teimpléid bhithmhéadracha arna bhfáil ó na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagal 13, a stóráiltear in CIR agus SIS agus lenar féidir sonraí bithmhéadracha a chuardach i roinnt córas faisnéise AE chun críocha tacú le CIR agus MID agus le cuspóirí EES, VIS, Eurodac, SIS agus córas ECRIS-TCN.

2. Is é a bheidh in BMS comhroinnte:

(a) bonneagar lárnach a ghabhfaidh ionad lárchórais EES, VIS, SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN faoi seach sa mhéid agus go ndéanfar teimpléid bhithmhéadracha a stóráil ann agus go gceadóidh sé cuardach a dhéanamh le sonraí bithmhéadracha;

(b) bonneagar cumarsáide slán idir BMS comhroinnte, SIS Láir agus CIR.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh BMS comhroinnte agus a áiritheoidh a bhainistiú teicniúil.

Airteagal 13

Teimpléid bhithmhéadracha a stóráil sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha

1. Stórálfar in BMS comhroinnte na teimpléid bhithmhéadracha a gheobhaidh sé ó na sonraí bithmhéadracha seo a leanas:

(a) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(w) agus (y), seachas na sonraí faoi loirg dhearnan, de Rialachán (CE) Uimh. 2018/1860;

(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/816.

Déanfar na teimpléid bhithmhéadracha a stóráil in BMS comhroinnte i bhfoirm atá scartha go loighciúil de réir an chórais faisnéise AE óna dtagann na sonraí.

2. Le haghaidh gach tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh BMS comhroinnte tagairt do na córais faisnéise AE ina stóráiltear na sonraí bithmhéadracha comhfhreagracha a áireamh i ngach teimpléad bithmhéadrach agus tagairt do na taifid iarbhír sna córais faisnéise AE sin.

3. Ní iontrálfar teimpléid bhithmhéadracha in BMS comhroinnte ach amháin tar éis seiceáil uathoibrithe cháilíochta ar na sonraí bithmhéadracha a cuireadh le ceann amháin de na córais faisnéise AE a bheith déanta ag BMS comhroinnte chun a dhearbhú go gcomhlíontar íoschaighdeán cáilíochta sonraí.

4. Maidir le stóráil na sonraí dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh sé na caighdeáin cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na ceanglais feidhmíochta agus na socruithe praiticiúla chun faireachán a dhéanamh ar BMS comhroinnte a leagan síos chun a áirithiú go ndéanann éifeachtúlacht na gcuardach bithmhéadrach nósanna imeachta a bhfuil práinn ama ag gabháil leo, amhail seiceálacha ag an teorainn agus sainaithint daoine, a urramú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 14.

Sonraí bithmhéadracha a chuardach leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha

Chun na sonraí bithmhéadracha a stóráiltear in CIR agus in SIS a chuardach, úsáidfidh CIR agus SIS na teimpléid bhithmhéadracha a stóráiltear in BMS comhroinnte. Déanfar cuardaigh le sonraí bithmhéadracha i gcomhréir leis na cuspóirí dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816.

Airteagal 15

Sonraí a choinneáil sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha

Déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus (2) a stóráil in BMS comhroinnte ach amháin ar feadh na tréimhse céanna a bheidh na sonraí bithmhéadracha comhfhreagracha stóráilte in CIR nó in SIS. Déanfar na sonraí a léirscriosadh ón BMS comhroinnte ar mhodh uathoibrithe.

Airteagal 16

Logaí a choimeád

1. Gan dochar d'Airteagail 12 agus 18 de Rialachán (AE) 2018/1862 ná d'Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/816, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh de BMS comhroinnte. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh an chuardaigh;

(b) stair chruthú agus stóráil na dteimpléad bithmhéadrach;

(c) na córais faisnéise AE a cuardaíodh leis na teimpléid bhithmhéadracha a stóráiltear in BMS comhroinnte;

(d) dáta agus am an chuardaigh;

(e) na cineálacha sonraí bithmhéadracha arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(f) torthaí an chuardaigh agus dáta agus am an toraidh.

2. Déanfaidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a choimeád a dhéanann a údaráis agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe ESP a úsáid. Déanfaidh gach gníomhaireacht de chuid an Aontais logaí a choimeád de chuardaigh a dhéanann a fhoireann atá cuí-údaraithe.

3. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Mura rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

CAIBIDIL IV

Stóras coiteann sonraí céannachta

Airteagal 17

Stóras coiteann sonraí céannachta

1. Bunaítear stóras coiteann sonraí céannachta (CIR), lena gcruthaítear sainchomhad le haghaidh gach duine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó ECRIS-TCN ina bhfuil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18, chun éascú a dhéanamh ar agus cabhrú le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagal 20, chun tacú le feidhmiú MID i gcomhréir le hAirteagal 21 agus chun rochtain ag na húdaráis ainmnithe agus ag Europol ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac, i gcás inar gá an méid sin chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 22.

2. Is é a bheidh in CIR:

(a) bonneagar lárnach a ghabhfaidh ionad lárchórais faoi seach EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN sa mhéid agus go stórálfar ann na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18;

(b) bealach cumarsáide slán idir CIR, na Ballstáit agus na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá i dteideal CIR a úsáid i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

(c) bonneagar cumarsáide slán idir CIR agus EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN chomh maith le bonneagair lárnacha ESP, BMS comhroinnte agus MID.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh CIR agus a áiritheoidh a bhainistiú teicniúil.

4. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla, de dheasca chliseadh CIR, CIR a chuardach chun duine a shainaithint de bhun Airteagal 20, chun ilchéannachtaí a bhrath de bhun Airteagal 21 nó chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú de bhun Airteagal 22 tabharfaidh úsáideoirí CIR fógra i modh uathoibrithe do eu-LISA ina leith sin.

5. Déanfaidh eu-LISA, i gcomhar le Ballstáit, doiciméad um rialú comhéadain a chur chun feidhme ar bhonn an UMF dá dtagraítear in Airteagal 39 i leith CIR.

Airteagal 18

Na sonraí atá sa stóras coiteann sonraí céannachta

1. Stórálfar in CIR na sonraí seo a leanas – arna scaradh go loighciúil – de réir an chórais faisnéise ónár tháinig na sonraí: na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus (2) agus na sonraí seo a leanas a liostaítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2019/816: sloinne (ainm teaghlaigh), céadainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe; áit bhreithe (baile agus tír), náisiúntacht nó náisiúntachtaí; inscne, ainmneacha roimhe sin, i gcás inarb infheidhme ainmneacha bréige nó ailiasanna mar aon le, i gcás fáil a bheith air, faisnéis i dtaobh doiciméid taistil.

2. I gcás gach tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh san áireamh in CIR tagairt do na córais faisnéise AE lena mbaineann na sonraí.

3. Na húdaráis a dhéanann CIR a rochtain, déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise AE agus faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na cearta rochtana atá acu faoin Rialachán seo chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagail 20, 21 agus 22.

4. I gcás gach tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh san áireamh in CIR tagairt don taifead iarbhír atá sna córais faisnéise AE lena mbaineann na sonraí.

5. Maidir le stóráil na sonraí dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh sé na caighdeáin cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

Airteagal 19

Cur leis na sonraí sa stóras coiteann sonraí céannachta, iad a leasú agus iad a scriosadh

1. I gcás ina gcuirtear leis na sonraí in Eurodac nó in ECRIS-TCN, nó ina ndéantar iad a leasú nó a scriosadh, déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 agus a stóráiltear i sainchomhad CIR a chur leis na bunachair sin, nó déanfar iad a leasú nó a scriosadh dá réir sin.

2. I gcás ina gcruthaítear nasc bán nó nasc dearg in MID i gcomhréir le hAirteagal 32 nó le hAirteagal 33 idir sonraí dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise AE atá mar chuid de CIR, seachas sainchomhad nua a chruthú, déanfaidh CIR na sonraí nua a chur le sainchomhad na sonraí nasctha.

Airteagal 20

Rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha sainaithint a dhéanamh

1. Is údarás póilíneachta a dhéanfaidh cuardaigh CIR i gcomhréir le míreanna 2 agus 5, agus ní dhéanfaidh sé an méid sin sna himthosca seo a leanas:

(a) sa chás nach bhfuil ar chumas údaráis póilíneachta duine a shainaithint de bhrí nach bhfuil doiciméad taistil nó doiciméad creidiúnach eile ann a thugann cruthúnas i dtaobh chéannacht an duine sin;

(b) i gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh na sonraí céannachta a sholáthair an duine sin;

(c) i gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh bharántúlacht an doiciméid taistil nó an doiciméid chreidiúnaigh eile a sholáthair an duine sin;

(d) i gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh chéannacht shealbhóir doiciméid taistil nó doiciméid chreidiúnaigh eile; nó

(e) i gcás nach bhfuil ar chumas an duine comhoibriú nó go ndiúltaíonn sé nó sí comhoibriú.

Ní cheadófar cuardaigh den sórt sin a dhéanamh i leith mionaoisigh atá faoi 12 bhliain d'aois, mura rud é gur chun sárleas an linbh é an méid sin a dhéanamh.

2. I gcás ina dtagann ceann de na himthosca a liostaítear i mír 1 chun cinn agus go bhfuil, trí bhíthin bearta reachtacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 5, an chumhacht chuige sin tugtha d'údarás póilíneachta, féadfaidh sé, chun na críche amháin duine a shainaithint, CIR a chuardach le sonraí bithmhéadracha an duine arna nglacadh beo le linn seiceáil chéannachta, ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta a thionscnamh i láthair an duine sin.

3. I gcás ina léiríonn an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte in CIR, beidh rochtain ag an údarás póilíneachta ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) lena gceadú.

I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an duine a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na sonraí sin, déanfar an cuardach le sonraí céannachta an duine i dteannta shonraí an doiciméid taistil, nó na sonraí céannachta a sholáthraíonn an duine sin.

4. Más rud é, trí bhíthin bearta reachtacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 6, go bhfuil an chumhacht chuige sin tugtha d'údarás póilíneachta, féadfaidh sé, i gcás tubaiste nádúrtha, timpiste nó ionsaí sceimhlitheoireachta, CIR a chuardach le sonraí bithmhéadracha duine chun na críche amháin go sainaithneofaí daoine nach eol cé hiad agus nach bhfuil in ann a gcéannacht a léiriú nó go sainaithneofaí taisí daonna gan aithne.

5. Na Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 2, glacfaidh siad bearta reachtacha náisiúnta. Á dhéanamh sin dóibh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an gá atá ann go seachnófar idirdhealú in aghaidh náisiúnaigh tríú tír. Sonrófar sna bearta reachtacha sin cuspóirí beachta na sainaitheanta de réir na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) agus (c). Ainmneofar iontu na húdaráis phóilíneachta inniúla agus leagfar síos iontu nósanna imeachta, coinníollacha agus critéir na seiceálacha sin.

6. Na Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 4, glacfaidh siad bearta reachtacha náisiúnta lena leagtar síos na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na critéir.

Airteagal 21

Rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha ilchéannachtaí a bhrath

1. I gcás gur nasc buí a bheidh mar thoradh ar chuardach in CIR i gcomhréir le hAirteagal 28(4), beidh rochtain ag an údarás atá freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 29, ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (2) agus atá stóráilte in CIR atá nasctha le nasc buí, chun críche an fhíoraithe sin agus chun na críche sin amháin.

2. I gcás gur nasc dearg a bheidh mar thoradh ar chuardach in CIR i gcomhréir le hAirteagal 32, beidh rochtain ag na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 26(2) ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (2) agus atá stóráilte in CIR atá nasctha le nasc dearg, chun críche calaois chéannachta a chomhrac agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 22

An stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú

1. In aon chás ar leith, i gcás ina mbíonn forais réasúnacha ann lena chreidiúint go rannchuideodh cuardach i gcórais faisnéise AE le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe má tá amhras ann gur duine a bhfuil a chuid sonraí stóráilte in Eurodac atá in amhrastach, i ndéantóir nó in íospartach an chiona sceimhlitheoireachta nó na cionta coiriúla tromchúiseacha eile, féadfaidh na húdaráis ainmnithe agus Europol CIR a cheadú chun faisnéis a fháil i dtaobh an bhfuil sonraí faoin duine ar leith sin in Eurodac.

2. Más rud é, mar thoradh ar chuardach, go léiríonn CIR go bhfuil sonraí faoin duine sin in Eurodac, tabharfaidh CIR freagra do na húdaráis ainmnithe agus do Europol i bhfoirm tagairt dá dtagraítear in Airteagal 18(2) ina léireofar go bhfuil na sonraí meaitseála in Eurodac. An freagra a thiocfaidh ó CIR, ní dhéanfaidh sé díobháil do shlándáil na sonraí sin.

An freagra a léiríonn go bhfuil sonraí faoin duine sin in Eurodac, ní dhéanfar é a úsáid ach amháin chun iarraidh ar rochtain iomlán a chur isteach faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos san ionstraim dlí a rialaíonn an rochtain sin.

Sa chás gurb ann do mheaits nó d'ilmheaitseanna, déanfaidh an t-údarás ainmnithe nó Europol iarraidh ar rochtain iomlán ar cheann amháin ar a laghad de na córais faisnéise dár gineadh meaits.

Más rud é, ar bhonn eisceachtúil, nach n-iarrtar an rochtain iomlán sin, déanfaidh na húdaráis ainmnithe an réasúnú a thaifeadadh a bhí le gan an t-iarratas a dhéanamh agus beidh sé inrianaithe chuig an gcomhad náisiúnta agus déanfaidh Europol an réasúnú a thaifeadadh sa chomhad ábhartha.

3. Maidir le rochtain iomlán ar na sonraí atá in Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, leanfaidh sé de bheith faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos san ionstraim dlí lena rialaítear an rochtain sin.

Airteagal 23

Sonraí a choinneáil sa stóras coiteann sonraí céannachta

1. Déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1), (2) agus (4) a scriosadh ó CIR ar mhodh uathoibrithe i gcomhréir leis na forálacha maidir le coinneáil sonraí atá i Rialachán (AE) 2019/816.

2. Déanfar an sainchomhad a stóráil in CIR amháin ar feadh na tréimhse céanna a bheidh na sonraí comhfhreagracha stóráilte i gceann amháin ar a laghad de na córais faisnéise AE a bhfuil a shonraí in CIR. Ní dhéanfaidh cruthú naisc aon difear do thréimhse coinneála gach píosa ar leith de na sonraí nasctha.

Airteagal 24

Logaí a choimeád

1. Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/816, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh sa CIR i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo.

2. De bhun Airteagal 20, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh sa CIR. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh an chuardaigh;

(b) cuspóir rochtana an úsáideora atá ag cuardach trí CIR;

(c) dáta agus am an chuardaigh;

(d) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(e) torthaí an chuardaigh.

3. De bhun Airteagal 21, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile sa CIR. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh an chuardaigh;

(b) cuspóir rochtana an úsáideora atá ag cuardach trí CIR;

(c) dáta agus am an chuardaigh;

(d) i gcás ina bhfuil nasc cruthaithe, na sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh agus torthaí an chuardaigh, ag léiriú cé acu córas faisnéise AE ónár tháinig na sonraí.

4. De bhun Airteagal 22, coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile sa CIR. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) dáta agus am an chuardaigh;

(b) na sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(c) torthaí an chuardaigh;

(d) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag déanamh an chuardaigh in CIR.

Beidh na logaí ar rochtain den sórt sin á bhfhíorú go tráthrialta ag an údarás maoirseachta inniúil i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680 nó ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/794, ag eatraimh nach faide ná sé mhí, chun a fhíorú an gcomhlíontar na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22(1) agus (2) den Rialachán seo.

5. Déanfaidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a choimeád agus a bhfuil a húdaráis agus foireann na n-údarás sin cuí-údaraithe chun CIR a úsáid de bhun Airteagail 20, 21 agus 22. Déanfaidh gach gníomhaireacht de chuid an Aontais logaí a choimeád de chuardaigh a dhéanann a fhoireann atá cuí-údaraithe de bhun Airteagail 20, 21 agus 22.

Sa bhreis air sin, le haghaidh aon rochtain ar CIR de bhun Airteagal 22, coimeádfaidh gach Ballstát na logaí seo a leanas:

(a) tagairt an chomhaid náisiúnta;

(b) cuspóir na rochtana;

(c) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, aitheantas uathúil úsáideora an duine a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach.

6. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, le haghaidh rochtain ar CIR de bhun Airteagal 22 den Rialachán seo, coimeádfaidh Europol logaí d'aitheantas uathúil úsáideora an oifigigh a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach.

7. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 2 go 6 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Mura rud é, afach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

8. Déanfaidh eu-LISA na logaí a bhaineann le stair na sonraí a stóráil i sainchomhaid. Déanfaidh eu-LISA logaí den sórt sin a léirscriosadh ar mhodh uathoibrithe a luaithe agus a léirscriostar na sonraí.

CAIBIDIL V

Brathadóir ilchéannachtaí

Airteagal 25

Brathadóir ilchéannachtaí

1. Déantar brathadóir ilchéannachtaí (MID) lena gcruthaítear agus lena stóráiltear comhad um dheimhniú céannachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 34 ina bhfuil naisc idir na sonraí sna córais faisnéise AE atá freisin sa CIR agus in SIS agus lena gceadaítear ilchéannachtaí ar an gcaoi sin a bhraith, agus ag a bhfuil an dá chuspóir seiceálacha céannachta a éascú agus calaois chéannachta a chomhrac, a bhunú chun críche tacú le feidhmiú CIR agus le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN.

2. Is é a bheidh in MID:

(a) bonneagar lárnach ina stórálfar naisc agus tagairtí do na córais faisnéise AE;

(b) bonneagar cumarsáide slán chun MID a nascadh le SIS agus le bonneagair lárnacha ESP agus le CIR.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh MID agus a áiritheoidh a bhainistiú teicniúil.

Airteagal 26

Rochtain ar an mbrathadóir ilchéannachtaí

1. Chun críocha na gcéannachta éagsúla a fhíorú de láimh dá dtagraítear in Airteagal 29, tabharfar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34 atá stóráilte in MID dóibh seo a leanas:

(a) Biúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaíonn nó a nuashonraíonn foláireamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1862;

(b) údaráis lárnacha an Bhallstáit chiontaithigh nuair a dhéanann siad sonraí a thaifeadadh nó a leasú in ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagal 5 nó le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/816.

2. Údaráis na mBallstát agus na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bhfuil rochtain acu ar chóras faisnéise AE amháin ar a laghad atá in CIR nó in SIS, beidh rochtain acu ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34(a) agus (b) maidir le nasc dearg ar bith dá dtagraítear in Airteagal 32.

3. Údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, beidh rochtain acu ar na naisc bhána dá dtagraítear in Airteagal 33 sa chás go bhfuil rochtain acu ar dhá chóras faisnéise AE a bhfuil sonraí iontu a ndearnadh nasc bán a chruthú eatarthu.

4. Údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, beidh rochtain acu ar na naisc ghlasa dá dtagraítear in Airteagal 31 sa chás go bhfuil rochtain acu ar dhá chóras faisnéise AE a bhfuil sonraí iontu a ndearnadh nasc uaine a chruthú eatarthu agus a ndearnadh meaits le dhá thacar de na sonraí nasctha a léiriú sa chuardach a rinneadh sna córais faisnéise sin.

Airteagal 27

Ilchéannachtaí a bhrath

1. Déanfar brath ilchéannachtaí in CIR agus in SIS a sheoladh más rud é:

(a) go ndéantar foláireamh i leith duine a chruthú nó a nuashonrú in SIS i gcomhréir le Caibidlí VI go IX de Rialachán (AE) 2018/1862;

(b) go ndéantar taifead sonraí a chruthú nó a leasú in ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagal 5 nó le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/816.

2. I gcás ina mbeidh sonraí bithmhéadracha mar chuid de na sonraí atá i gcóras faisnéise AE dá dtagraítear i mír 1, úsáidfidh CIRagus SIS Láir BMS comhroinnte chun an brath ilchéannachtaí a dhéanamh. Cuirfidh BMS comhroinnte na teimpléid bithmhéadracha a fhaightear ó aon sonraí bithmhéadracha nua i gcomparáid leis na teimpléid bhithmhéadracha atá in BMS comhroinnte cheana chun a fhíorú cibé acu atá na sonraí a bhaineann leis an duine céanna stóráilte cheana in CIR nó in SIS Láir nó nach bhfuil.

3. Sa bhreis ar an bpróiseas dá dtagraítear i mír 2, úsáidfidh CIR agus SIS Láir ESP chun na sonraí a chuardach atá stóráilte in SIS Láir agus CIR faoi seach trí na sonraí seo a leanas a úsáid:

(a) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha breithe, ainmneacha a úsáideadh roimhe sin agus aon ailiasanna, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2018/1862;

(b) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainmneacha (túsainmneacha); dáta breithe, áit bhreithe (baile agus tír), náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus inscne amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2019/816.

4. Sa bhreis ar an bpróiseas dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, úsáidfidh CIR agus SIS Láir ESP chun na sonraí a chuardach atá stóráilte in SIS Láir agus CIR faoi seach trí shonraí doiciméid taistil a úsáid:

5. Ní sheolfar an brath ilchéannachtaí ach chun sonraí atá ar fáil i gcóras faisnéise AE amháin a chur i gcomparáid le sonraí atá ar fáil i gcórais faisnéise AE eile.

Airteagal 28

Torthaí an bhraith ilchéannachtaí

1. I gcás nach bhfaighfear meaits mar thoradh ar na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 27(2), (3) agus (4), leanfar de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(1) i gcomhréir leis na hionstraimí dlí ábhartha arna rialú.

2. I gcás ina bhfaighfear meaits amháin nó roinntmeaitseanna mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2), (3) agus (4), cruthóidh CIR agus, i gcás inarb ábhartha, SIS nasc idir na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh agus na sonraí a thionscain an meaits.

I gcás ina bhfaighfear roinnt meaitseanna, cruthófar nasc idir na sonraí ar fad a thionscain meaits. Más rud é go raibh na sonraí nasctha cheana, cuimseofar sa nasc atá ann cheana na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh.

3. I gcás ina bhfaighfear meaits amháin nó roinnt meaitseanna mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2), (3) agus (4) agus ina mbeidh sonraí céannachta na gcomhad nasctha comhionann nó cosúil, cruthófar nasc bán i gcomhréir le hAirteagal 33.

4. I gcás ina bhfaighfear meaits amháin nó roinnt meaitseanna mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2), (3) agus (4) agus nach féidir a mheas go bhfuil sonraí céannachta na gcomhad nasctha cosúil, cruthófar nasc buí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus beidh feidhm leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 69 lena leagtar síos na nósanna imeachta chun na cásanna a chinneadh ina bhféadfar a mheas go bhfuil na sonraí céannachta mar an gcéanna nó go bhfuil siad cosúil.

6. Stórálfar na naisc sa chomhad um dheimhniú céannachta dá dtagraítear in Airteagal 34.

7. I gcomhar le eu-LISA, leagfaidh an Coimisiún síos i ngníomhartha cur chun feidhme na rialacha teicniúla maidir le naisc idir sonraí ó chórais faisnéise AE éagsúla a chruthú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 29

Céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh agus na húdaráis atá freagrach

1. Gan dochar do mhír 2, is é an t-údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh:

(a) Biúró SIRENE an Bhallstáit i leith meaitseanna a tionscnaíodh nuair a bhí foláireamh SIS á chruthú nó á nuashonrú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1862;

(b) na húdaráis lárnacha an Bhallstáit chiontaithigh i leith meaitseanna a tionscnaíodh nuair a bhí siad ag taifeadadh nó ag leasú sonraí in ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagal 5 nó le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/816.

Léireoidh MID sa chomhad um dheimhniú céannachta cén t-údarás a bheidh freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh.

2. Is é oifig SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh an t-údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh sa chomhad um dheimhniú céannachta i gcás ina gcruthófar nasc le sonraí atá le fáil i bhfoláireamh:

(a) i dtaca le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun na gcríoch iad a thabhairt suas nó chun iad a eiseachadadh mar a thagraítear dó in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1862;

(b) i dtaca le daoine atá ar iarraidh nó daoine leochaileacha mar a thagraítear dó in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2018/1862;

(c) i dtaca le daoine atáthar á lorg chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach mar a thagraítear dó in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1862;

(d) i dtaca le daoine atá faoi réir seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha mar a thagraítear dó in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1862.

3. Beidh ag an údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh rochtain ar na sonraí gaolmhara atá sa chomhad ábhartha um dheimhniú comhréireachta agus ar na sonraí céannachta nasctha atá in CIR agus, i gcás inarb ábhartha, in SIS. Déanfaidh sé na céannachtaí éagsúla a mheasúnú gan mhoill. A thúisce a bheidh an measúnú sin curtha i gcrích aige, nuashonróidh sé an nasc i gcomhréir le hAirteagail 31, 32 agus 33 agus cuirfidh sé leis an gcomhad um dheimhniú céannachta é, gan mhoill.

4. I gcás ina gcruthófar níos mó ná nasc amháin, déanfaidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gach nasc a mheasúnú ina cheann agus ina cheann.

5. I gcás ina mbeidh na sonraí a bhfuarthas meaits dóibh nasctha cheana, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh san áireamh na naisc atá ann cheana nuair a bheidh sé ag déanamh a mheasúnaithe ar naisc nua a chruthú.

Airteagal 30

Nasc buí

1. I gcásanna nach ndearnadh na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh go fóill, déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE nó níos mó a aicmiú mar nasc buí más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta cosúla nó éagsúla ag na sonraí nasctha;

(b) go mbeidh sonraí céannachta éagsúla ach sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna ag na sonraí nasctha, agus, i gcás ceann amháin ar a laghad de na chórais faisnéise AE, nach mbeidh sonraí bithmhéadracha faoin duine lena mbaineann ann;

(c) go mbeidh na sonraí céannachta céanna ach sonraí bithmhéadracha éagsúla ag na sonraí nasctha;

(d) go mbeidh sonraí céannachta cosúla nó éagsúla, agus sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna, ach sonraí bithmhéadracha éagsúla ag na sonraí nasctha.

2. I gcás ina ndéanfar nasc a aicmiú mar nasc buí i gcomhréir le mír 1, beidh feidhm leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 29.

Airteagal 31

Nasc uaine

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE nó níos mó a aicmiú mar nasc uaine más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha éagsúlaach go mbeidh na sonraí céannachta céanna ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt do bheirt éagsúla atá na sonraí nasctha;

(b) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha éagsúla ag na sonraí nasctha, go mbeidh sonraí céannachta cosúla nó éagsúla, go mbeidh sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna acu, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt do bheirt éagsúla atá na sonraí nasctha;

(c) go mbeidh sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha ach go mbeidh sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna acu, nach mbeidh sonraí bithmhéadracha faoin duine lena mbaineann ann i gcás ceann amháin ar a laghad de na chórais faisnéise AE, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt do bheirt éagsúla atá na sonraí nasctha.

2. I gcás ina ndéanfar cuardach in CIR nó in SIS agus ina mbeidh nasc uaine idir sonraí dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise AE, léireoidh MID nach mbaineann sonraí céannachta na sonraí nasctha leis an duine céanna.

3. Más rud é go bhfuil fianaise ag údarás Ballstáit a thugann le tuiscint go bhfuil nasc uaine a taifeadadh in MID míchruinn ó thaobh fíricí de, nach bhfuil nasc uaine cothrom le dáta nó go ndearnadh sonraí a phróiseáil in MID nó sna córais faisnéise AE, agus an Rialachán seo á shárú ar an gcaoi sin, seiceálfaidh sé na sonraí ábhartha atá stóráilte in CIR agus in SIS agus déanfaidh sé, i gcás inar gá, an nasc a cheartú nó a léirscriosadh ó MID gan mhoill. Déanfaidh an t-údarás sin sa Bhallstát an Ballstát atá freagrach na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh a chur ar an eolas gan mhoill.

Airteagal 32

Nasc dearg

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE nó níos mó a aicmiú mar nasc dearg más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta cosúla nó éagsúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gur ag tagairt, gan údar, don duine céanna atá siad;

(b) go mbeidh na sonraí céannachta mar an gcéanna leis na sonraí nasctha, nó iad cosúil leo nó éagsúil leo agus go mbeidh sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna ach sonraí bithmhéadracha éagsúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt, gan údar, do bheirt éagsúla a bhfuil duine amháin acu ar a laghad ag baint úsáid as an doiciméad taistil céanna acu atá na sonraí;

(c) go mbeidh na sonraí céannachta céanna ach sonraí bithmhéadracha éagsúla agus sonraí doiciméid taistil éagsúla, nó gan aon sonraí doiciméid taistil, ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt, gan údar, do bheirt éagsúla atá na sonraí;

(d) go mbeidh sonraí céannachta éagsúla ach sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna ag na sonraí nasctha, nach mbeidh sonraí bithmhéadracha faoin duine lena mbaineann ann i gcás ceann amháin ar a laghad de na chórais faisnéise AE, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt, gan údar, don duine céanna atá na sonraí.

2. I gcás ina ndéanfar cuardach in CIR nó in SIS agus ina mbeidh nasc dearg idir sonraí atá in dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise AE atá mar chuid de CIR, nó le SIS, tabharfaidh MID freagra a léiríonn na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34. Aon bheart a dhéanfar tar éis nasc dearg a shuí, déanfar i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta é, agus orthu sin amháin, a bheidh aon iarmhairt dhlíthiúil don duine sin. Ní bheidh aon iarmhairt dhlíthiúil ann do dhuine bunaithe go huile agus go hiomlán ar an bhfíoras gur ann do nasc dearg.

3. I gcás ina gcruthófar nasc dearg idir sonraí in EES, VIS, ETIAS, Eurodac ECRIS-TCN, déanfar an sainchomhad atá stóráilte in CIR a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

4. Gan dochar do na forálacha a bhaineann le láimhseáil foláireamh in SIS atá i Rialacháin (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862, agus gan dochar do na teorannuithe is gá chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint, chun an choireacht a chomhrac agus chun a ráthú nach gcuirfear aon imscrúdú náisiúnta i mbaol, i gcás ina gcruthófar nasc dearg, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as sonraí céannachta éagsúla a fhíorú de láimh an duine lena mbaineann ar an eolas gur ann sonraí céannachta neamhdhleathacha éagsúla, agus déanfaidh sé uimhir aitheantais aonair, amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(c) den Rialachán seo, tagairt don údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(d) den Rialachán seo, agus suíomh gréasáin na tairsí gréasáin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán seo, a thabhairt don duine.

5. Is trí bhíthin foirm chaighdeánach a dhéanfaidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt i scríbhinn. Is trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a chinnfidh an Coimisiún inneachar agus cur i láthair na foirme sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 74(2)..

6. I gcás ina gcruthófar nasc dearg, tabharfaidh MID fógra, ar bhealach uathoibrithe, do na húdaráis atá freagrach as na sonraí nasctha.

7. Má tá fianaise ag údarás Ballstáit nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil rochtain ar CIR nó ar SIS a thugann nach bhfuil nasc dearg a taifeadadh in MID i gceart nó go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo agus na sonraí a próiseáladh in MID, in CIR nó in SIS, déanfaidh an t-údarás sin nó an ghníomhaireacht sin na sonraí ábhartha a stóráiltear in CIR agus SIS a sheiceáil:

(a) i gcás ina mbaineann an nasc le ceann amháin d'fholáirimh SIS dá dtagraítear in Airteagal 29(2), cuirfidh sé nó sí Biúró SIRENE ábhartha an Bhallstáit sin a chruthaigh an foláireamh sin a chur ar an eolas;

(b) i ngach cás eile, déanfaidh sé nó sí an nasc a cheartú nó a léirscriosadh ó MID láithreach.

Má dhéantar teagmhail le Biúró SIRENE de bhun phointe (a) den chéad fhomhír, déanfaidh sí an fhianaise arna soláthar ag údarás an Bhallstáit nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais a fhíorú, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh sé an nasc a cheartú nó a léirscriosadh ó MID láithreach.

Déanfaidh údarás an Bhallstáit a fhaigheann an fhianaise an Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh a chur ar an eolas gan mhoill agus léireoidh sé, i gcás inarb ábhartha, aon nasc dearg a ceartaíodh nó a léirscriosadh.

Airteagal 33

Nasc bán

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE nó níos mó a aicmiú mar nasc bán más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna agus na sonraí céannachta céanna nó sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha;

(b) go mbeidh na sonraí céannachta céanna nó sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha, go mbeidh sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna ag na sonraí nasctha agus, i gcás ceann amháin ar a laghad de na córais faisnéise AE, nach mbeidh sonraí bithmhéadracha faoin duine lena mbaineann ann;

(c) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna agus sonraí doiciméid taistil mar an gcéanna agus sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha;

(d) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta cosúla nó éagsúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh gur ag tagairt, agus údar ann atá na sonraí;

2. I gcás ina ndéanfar cuardach in CIR nó in SIS agus ina mbeidh nasc bán idir sonraí dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise AE atá mar chuid de CIR, nó le SIS, léireoidh MID go mbaineann sonraí céannachta na sonraí nasctha leis an duine céanna. Tiocfaidh freagra ó na córais faisnéise AE a ndearnadh na cuardaigh iontu a léireoidh, i gcás inarb ábhartha, na sonraí nasctha ar fad a bhaineann leis an duine sin, agus tionscnófar meaits, dá bhrí sin, i leith na sonraí a bhfuil nasc bán eatarthu, más rud é go bhfuil rochtain ag an údarás a sheol an cuardach ar na sonraí nasctha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

3. I gcás ina gcruthófar nasc bán idir sonraí in EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó ECRIS-TCN, déanfar an sainchomhad atá stóráilte in CIR a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

4. Gan dochar do na forálacha a bhaineann le láimhseáil foláireamh in SIS atá i Rialacháin (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862, agus gan dochar do na teorannuithe is gá chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint, chun an choireacht a chomhrac agus chun a ráthú nach gcuirfear aon imscrúdú náisiúnta i mbaol, i gcás ina gcruthófar nasc bán ina dhiadh na gcéannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh an duine lena mbaineann ar an eolas gur ann do sonraí céannachta cosúla nó éagsúla, agus déanfaidh sé uimhir aitheantais aonair, amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(c) den Rialachán seo, tagairt don údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(d) den Rialachán seo, agus suíomh gréasáin na tairsí gréasáin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán seo, a thabhairt i scríbhinn don duine.

5. Más rud é go bhfuil fianaise ag údarás Ballstáit a thugann le fios nach bhfuil nasc bán a taifeadadh in MID i gceart, nach bhfuil nasc bán cothrom le dáta nó go ndearnadh sonraí a phróiseáil in MID nó sna córais faisnéise AE, agus an Rialachán seo á shárú ar an gcaoi sin, seiceálfaidh sé na sonraí ábhartha a stóráiltear in CIR agus in SIS agus déanfaidh sé, i gcás inar gá, an nasc a cheartú nó a léirscriosadh ó MID gan mhoill. Déanfaidh údarás an Bhallstáit sin Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fíorú de láimha chur ar an eolas gan mhoill.

6. Is trí bhíthin foirm chaighdeánach a dhéanfaidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt i scríbhinn. Is trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a chinnfidh an Coimisiún inneachar agus cur i láthair na foirme sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 34

Comhad um dheimhniú céannachta

Beidh sa chomhad um dheimhniú céannachta na sonraí seo a leanas:

(a) na naisc dá dtagraítear in Airteagal 30 go hAirteagal 33;

(b) tagairt do na córais faisnéise AE ina bhfuil na sonraí nasctha á sealbhú;

(c) uimhir aitheantais aonair lenar féidir na sonraí nasctha a aisghabháil ón gcóras faisnéise AE comhfhreagrach;

(d) an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh;

(e) an dáta a dhéantar an nasc a chruthú nó nó aon nuashonrú a dhéantar air.

Airteagal 35

Sonraí a choinneáil sa bhrathadóir ilchéannachtaí

Ní stórálfar na comhaid um dheimhniú céannachta agus na sonraí atá iontu, lena n-áirítear na naisc, in MID ach ar feadh na tréimhse a mbeidh na sonraí nasctha stóráilte in dhá cheann nó níos mó de chórais faisnéise AE. Léirscriosfar iad ó MID ar bhealach uathoibrithe.

Airteagal 36

Logaí a choinneáil

1. Coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile sa MID. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

(a) an Ballstát atá ag seoladh an chuardaigh;

(b) cuspóir rochtana an úsáideora;

(c) dáta agus am an chuardaigh;

(d) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(e) an tagairt do na sonraí nasctha;

(f) stair an chomhaid um dheimhniú céannachta.

2. Déanfaidh gach Ballstát logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a n-údaráis agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe chun MID a úsáid. Déanfaidh gach gníomhaireacht de chuid an Aontais logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a foireann cuí-udaraithe.

3. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Mura rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

CAIBIDIL VI

Bearta chun tacú leis an idir-inoibritheacht

Airteagal 37

Cáilíocht sonraí

1. Gan dochar d'fhreagrachtaí na mBallstát maidir le cáilíocht na sonraí a iontráiltear sna córais, bunóidh eu-LISA sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí maidir le sonraí a stóráiltear in SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, BMS comhroinnte agus CIR.

2. Déanfaidh eu-LISA sásraí a chur chun feidhme chun meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas BMS chomhroinnte, táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil in SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, BMS comhroinnte agus CIR.

Ní fhéadfar ach sonraí a chomhlíonann na híoschaighdeáin cháilíochta a iontráil in SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, BMS comhroinnte, CIR agus MID.

3. Déanfaidh eu-LISA tuarascálacha maidir leis na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí a chur ar fáil go tráthrialta do na Ballstáit. Cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fáil go tráthrialta freisin don Choimisiún ina gcumhdófar na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn agus na Ballstáit lena mbaineann. Tabharfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, arna iarraidh sin acu. Ní bheidh aon sonraí pearsanta in aon tuarascálacha dá bhforáiltear faoin mír seo.

4. Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme mionsonraí na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil in SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, BMS comhroinnte agus CIR, go háirithe i dtaca le sonraí bithmhéadracha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

5. Bliain amháin tar éis na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta sonraí a bhunú, agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme cáilíochta sonraí ag na Ballstáit agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Cuirfidh na Ballstáit plean gníomhaíochta ar fáil don Choimisiún chun aon easnaimh a shainaithneofar sa tuarascáil mheastóireachta agus, go háirithe, saincheisteanna cáilíochta sonraí a eascraíonn as sonraí earráideacha i gcórais faisnéise AE a leigheas. Tuairisceoidh na Ballstáit go tráthrialta don Choimisiún ar aon dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an bplean gníomhaíochta sin nó go gcuirfear chun feidhme go hiomlán é.

Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle ([37]).

Airteagal 38

An fhormáid uilíoch teachtaireachta

1. Bunaítear leis seo caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF). Le UMF, déantar caighdeáin a shainiú do ghnéithe inneachair áirithe de mhalartú faisnéise trasteorann idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

([37]) Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

2. Bainfear úsáid as caighdeán UMF nuair atá Eurodac, ECRIS-TCN, ESP, CIR agus MID á bhforbairt agus, i gcás inarb iomchuí, i bhforbairt samhlacha malartaithe faisnéise nua agus córais faisnéise i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile ag eu-LISA nó ag aon ghníomhaireacht eile de chuid an Aontais.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos agus lena bhforbrófar caighdeán UMF dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 39

An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh

1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun críocha tacú, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin, le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar chun críocha beartas, oibriúcháin agus cáilíocht sonraí.

2. Déanfaidh eu-LISA CRRS a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla ina mbeidh na sonraí agus an staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil de réir an chórais faisnéise AE. Is trí bhíthin slánrochtana a thabharfar rochtain do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 ar CRRS, agus rialú á dhéanamh ar rochtain agus próifílí úsáideoirí sonracha ann, agus is chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, a thabharfar rochtain.

3. Déanfaidh eu-LISA sonraí i ndíth ainm de na sonraí sin agus déanfaidh sé na sonraí sin a chuirtear i ndíth ainm a thaifeadadh in CRRS. Próiseas uathoibrithe a bheidh sa phróiseas lena ndéanfar sonraí i ndíth ainm de na sonraí sin.

Ní bheifear in ann daoine aonair a shainaithint leis na sonraí in CRRS.

4. Is é a bheidh in CRRS:

(a) na huirlisí is gá chun sonraí a chur i ndíth ainm;

(b) bonneagar láir, ina mbeidh stóras sonraí de shonraí i ndíth ainm;

(c) bonneagar cumarsáide slán chun CRRS a nascadh le SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN, maille le bonneagair láir BMS chomhroinnte, CIR agus MID.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 69 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hoibriú CRRS lena n-áirítear coimircí sonracha chun na sonraí pearsanta faoi mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a phróiseáil agus rialacha slándála is infheidhme maidir leis an lárstóras.

CAIBIDIL VII

Cosaint sonraí

Airteagal 40

Rialaitheoir sonraí

1. I dtaca leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar in BMS comhroinnte, is iad rialaitheoirí údaráis na mBallstát ar rialaitheoirí iad i gcomhair Eurodac, SIS agus ECRIS-TCN faoi seach, a bheidh ina rialaitheoirí i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán 2016/679 nó le pointe (8) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/680 i dtaca leis na teimpléid bhithmhéadracha a gheofar ó na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo agus a iontrálfaidh siad sna córais foluiteacha agus beidh siad freagrach as próiseáil na dteimpléad bithmhéadrach in BMS comhroinnte.

2. I dtaca leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar in CIR, is iad údaráis na mBallstát ar rialaitheoirí iad i gcomhair Eurodac agus ECRIS-TCN faoi seach, a bheidh ina rialaitheoirí i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán 2016/679 nó pointe (8) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/680 i dtaca leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo a iontrálfaidh siad sna córais foluiteacha, agus beidh siad freagrach as próiseáil na sonraí pearsanta sin in CIR.

3. I dtaca le próiseáil sonraí in MID:

(a) is í an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheidh ina rialaitheoir sonraí de réir bhrí phointe (8) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Láraonad ETIAS;

(b) is iad údaráis na mBallstát a chuireann leis an gcomhad nó a mhodhnaíonn na sonraí sa chomhad um dheimhniú céannachta a bheidh ina rialaitheoirí i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 nó pointe (8) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/680 agus is iad a bheidh freagrach as na sonraí pearsanta in MID a phróiseáil.

4. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, beidh rochtain ag na rialaitheoirí sonraí ar na logaí dá dtagraítear in Airteagail 10, 16, 24 agus 36 le haghaidh féinfhaireacháin, amhail dá dtagraítear in Airteagal 44.

Airteagal 41

Próiseálaí sonraí

I dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil in BMS comhroinnte, CIR, agus MID, is é eu-LISA a bheidh ina phróiseálaí sonraí de réir bhrí phointe (12)(a) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 42

Slándáil na próiseála

1. Áiritheoidh eu-LISA, Láraonad ETIAS, Europol agus na Ballstáit slánphróiseáil na sonraí pearsanta a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo. Oibreoidh eu-LISA, Láraonad ETIAS, Europol agus údaráis na mBallstát i gcomhar le chéile i dtaca le cúraimí a bhaineann le slándáil.

2. Gan dochar d'Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfaidh eu-LISA na bearta is gá chun slándáil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta agus an bonneagar cumarsáide a bhaineann leo a áirithiú.

3. Go háirithe, déanfaidh eu-LISA na bearta riachtanacha a ghlacadh, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

(a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun bonneagar criticiúil a chosaint;

(b) diúltú do dhaoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar threalamh agus suiteálacha próiseála sonraí;

(c) bac a chur ar léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe na meán ar a bhfuil sonraí stóráilte;

(d) iontráil neamhúdaraithe sonraí maille le hiniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta atá ar taifead a chosc;

(e) bac a chur ar phróiseáil neamhúdaraithe sonraí maille le cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí;

(f) cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithe a bhfuil trealamh cumarsáide sonraí á úsáid acu córais uathphróiseála sonraí a úsáid;

(g) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar chomhchodanna idir-inoibritheachta ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán céannachtaí úsáideora aonair agus modhanna rochtana rúnda amháin;

(h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid chuige sin;

(i) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na sonraí a próiseáladh sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta, cá huair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh é;

(j) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig na comhchodanna nó uathu, nó le linn do na meáin ar a bhfuil sonraí stóráilte a bheith á n-iompar;

(k) a áirithiú gur féidir, i gcás ina dtarlódh briseadh sa chóras, na córais atá suiteáilte a chur ag oibriú arís mar is ceart;

(l) iontaofacht a áirithiú trína chinntiú go ndéantar aon fhabhtanna i bhfeidhmiú na gcomhchodanna idir-inoibritheachta a thuairisciú mar is cuí;

(m) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin is gá a dhéanamh maidir le faireachán inmheánach chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú agus chun measúnú a dhéanamh ar na bearta slándála sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta nua.

4. Déanfaidh na Ballstáit, Europol agus Lárionad ETIAS bearta atá coibhéiseach leo sin dá dtagraítear i mír 3 maidir le slándáil i leith próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis a bhfuil an ceart acu aon cheann de na comhchodanna idir-inoibritheachta a rochtain.

Airteagal 43

Teagmhais slándála

1. Maidir le haon imeacht a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar shlándáil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le damáiste a dhéanamh do shonraí a stóráiltear iontu, nó le cailleadh na sonraí sin, measfar gur teagmhas slándála é, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé go bhfuarthas rochtain neamhúdaraithe ar shonraí nó i gcás ina ndearnadh infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí a chur i mbaol nó ina bhféadfadh sé go ndearnadh infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí a chur i mbaol.

2. Déanfar teagmhais slándála a bhainistiú chun freagairt thapa, éifeachtach agus iomchuí a áirithiú.

3. Gan dochar d'fhógra a thabhairt faoi shárú sonraí pearsanta agus cur in iúl an tsáraithe sin de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 30 de Threoir (AE) 2016/680, nó iad araon, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún, eu-LISA, na húdaráis mhaoirseachta inniúla agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas gan mhoill faoi aon teagmhais slándála.

Gan dochar d'Airteagal 34 agus Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725, ná d'Airteagal 34 de Threoir (AE) 2016/794, tabharfaidh Lárionad ETIAS agus Europol fógra gan mhoill don Choimisiún, do eu-LISA agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi aon teagmhas slándála.

I gcás ina dtarlóidh teagmhas slándála maidir le bonneagar láir na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, cuirfidh eu-LISA an Coimisiún agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas ina thaobh gan mhoill.

4. Faisnéis maidir le teagmhas slándála a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar oibriú na gcomhchodanna idir-inoibritheachta nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, déanfar í a sholáthar gan mhoill do na Ballstáit, do Lárionad ETIAS agus do Europol agus a thuairisciú de réir an phlean bainistithe teagmhais a sholáthróidh eu-LISA.

5. Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann, Lárionad ETIAS, Europol agus eu-LISA le chéile má tharlaíonn teagmhas slándála. Déanfaidh an Coimisiún sonraíocht an nós imeachta comhair sin a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 44

Féinfhaireachán

Áiritheoidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais go ndéanfaidh gach údarás a bheidh i dteideal rochtain a fháil ar na comhchodanna idir-inoibritheachta na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh an t-údarás sin, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.

Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 40 na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear na logaí dá dtagraítear in Airteagail 10, 16, 24 agus 36 a fhíorú go rialta agus oibriú, i gcás inar gá, i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 45

Pionóis

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon mhí-úsáid sonraí, próiseáil sonraí nó malartú sonraí atá contrártha don Rialachán seo inphionóis i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 46

Dliteanas

1. Gan dochar don cheart chun cúiteamh a fháil, ná do dhliteanas an rialaitheora nó an phróiseálaí faoi Rialachán (AE) 2016/679, faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725:

(a) aon duine nó aon Bhallstát dár bhain damáiste ábharach nó neamhábharach de bharr oibríocht phróiseála neamhdhleathach nó de bharr aon ghníomhaíocht nach bhfuil ag luí leis an Rialachán seo, arna déanamh ag Ballstát, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón mBallstát sin;

(b) aon duine nó aon Bhallstát dár bhain damáiste ábharach nó neamhábharach de bharr aon ghníomhaíocht nach bhfuil ag luí leis an Rialachán seo, arna déanamh ag Europol, ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, nó ag eu-LISA, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón ngníomhaireacht i dtrácht.

Déanfar an Ballstát lena mbaineann, Europol, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó eu-LISA a dhíolmhú óna dhliteanas nó óna dliteanas faoin gcéad fhomhír, go hiomlán nó go páirteach, má chruthaíonn sé nó sí nach é nó í atá freagrach as an imeacht ba chúis leis an damáiste.

2. Má mhainníonn Ballstát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus an méid sin a bheith ina chúis damáiste do na comhchodanna idir-inoibritheachta, is é an Ballstát sin a bheidh faoi dhliteanas i leith an damáiste sin más rud é agus a mhéid nach ndearna eu-LISA nó Ballstát eile atá faoi cheangal ag an Rialachán seo bearta réasúnacha chun an damáiste sin a sheachaint nó chun a thionchar a íoslaghdú.

3. Is faoi fhorálacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit arb é an cosantóir é a rialálfar éilimh ar chúiteamh a dhéanfar i gcoinne Ballstáit as an damáiste dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2. Is faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí a rialálfar éilimh ar chúiteamh a dhéanfar i gcoinne rialaitheora nó i gcoinne eu-LISA as an damáiste dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Airteagal 47

Ceart chun faisnéise

1. Déanfaidh an t-údarás a bhailíonn sonraí pearsanta a stóráiltear a gcuid sonraí in BMS comhroinnte, in CIR nó in MID an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi Airteagail 12 agus 13 de Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 a sholáthar do na daoine a mbailítear a gcuid sonraí sin. Déanfaidh an t-údarás an fhaisnéis a sholáthar tráth a bhaileofar na sonraí sin.

2. Déanfar an fhaisnéis ar fad a chur ar fáil, agus leas á bhaint as friotal soiléir simplí, i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó i dteanga ar den réasúntacht é go dtuigfidh an duine sin í. Áireofar leis sin faisnéis a sholáthar ar bhealach a bheidh iomchuí d'aois na n-ábhar sonraí sa chás gur mionaoisigh iad na daoine sin.

3 Beidh feidhm ag na rialacha i ndáil leis an gceart chun faisnéise atá sna rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid an Aontais maidir leis na sonraí pearsanta a thaifeadtar in ECRIS-TCN agus a phróiseáiltear chun críocha an Rialacháin seo.

Airteagal 48

Ceart rochtana ar shonraí pearsanta a stóráiltear in MID, an ceart go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a cheartú agus a léirscriosadh, agus an ceart go gcuirfí srian le próiseáil na sonraí pearsanta sin

1. Chun a gcearta a fheidhmiú faoi Airteagail 15 go 18 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi Airteagail 17 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus faoi Airteagail 14, 15 agus 16 de Threoir (AE) 2016/680, beidh an ceart ag aon duine dul i dteagmháil le húdarás inniúil aon Bhallstát, agus scrúdóidh an Ballstát sin an iarraidh agus tabharfaidh sé freagra uirthi.

2. Déanfaidh an Ballstát a rinne scrúdú ar an iarraidh sin freagra a thabhairt gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de 45 lá tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 15 lá eile ar a mhéad, i gcás inar gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Déanfaidh an Ballstát a dhéanann an scrúdú ar an iarraidh sin an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin, mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill, laistigh de 45 lá tar éis an iarraidh a fháil. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur oifigí lárnacha a thabharfaidh na freagraí sin.

3. Má chuirtear iarraidh ar shonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh faoi bhráid Ballstáit cé is moite den Bhallstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, rachaidh an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh i dteagmháil, laistigh de sheacht lá, le húdaráis an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh. Déanfaidh an Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú cruinneas na sonraí agus dleathacht na próiseála sonraí a sheiceáil gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 lá ó rinneadh an teagmháil sin. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 15 lá eile ar a mhéad, i gcás inar gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Cuirfidh an Ballstát atá freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh an Ballstát a rinne teagmháil leis ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin, mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill. Déanfaidh an Ballstát a rinne teagmháil le húdarás an Bhallstáit atá freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcuid eile den nós imeachta.

4. Má chuirtear iarraidh ar shonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh faoi bhráid Ballstáit más é Lárionad ETIAS a bhí freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, rachaidh an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh i dteagmháil, laistigh de sheacht lá, le Lárionad ETIAS don Ballstát sin a iarraidh air a thuairim a thabhairt. Tabharfaidh Lárionad ETIAS a tuairim gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 lá ó rinneadh an teagmháil sin. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 15 lá eile ar a mhéad, i gcás inar gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Déanfaidh an Ballstát a rinne teagmháil le Lárionad ETIAS an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcuid eile den nós imeachta.

5. I gcás ina bhfaighfear amach tar éis scrúdú go bhfuil na sonraí a stóráiltear in MID míchruinn nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh nó, i gcás nach raibh aon Bhallstát freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh nó i gcás inarb é Lárionad ETIAS a bhí freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, na sonraí sin a cheartú nó a scriosadh gan aon mhoill mhíchuí. Déanfar an duine lena mbaineann a chur ar an eolas go ndearnadh a chuid sonraí nó a cuid sonraí a cheartú nó a léirscriosadh.

6. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát sonraí a stóráiltear in MID a leasú le linn a dtréimhse choinneála, déanfaidh an Ballstát sin an phróiseáil a leagtar síos in Airteagal 27 agus, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 29 lena chinneadh an ndéantar na sonraí leasaithe a nascadh. I gcás nach bhfaighfear aon mheaits leis an bpróiseáil, déanfaidh an Ballstát sin na sonraí a scriosadh ón gcomhad um dheimhniú céannachta. I gcás ina bhfaighidh an phróiseáil gurb ann do mheaits amháin nó do roinnt meaitseanna, déanfaidh an Ballstát sin an nasc ábhartha a chruthú nó a nuashonrú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo.

7. I gcás nach n-aontóidh an Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, go bhfuil sonraí a stóráiltear in MID míchruinn nó gur go neamhdhleathach a taifeadadh iad, glacfaidh an Ballstát sin cinneadh riaracháin agus míneoidh sé i scríbhinn agus gan mhoill don duine lena mbaineann cad chuige nach bhfuil sé sásta na sonraí sin a bhaineann leis nó léi a cheartú nó a scriosadh.

8. Sa chinneadh dá dtagraítear i mír 7, tabharfar faisnéis don duine lena mbaineann ina míneofar go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i ndáil leis an iarraidh ar shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a léirscriosadh nó ar phróiseáil na sonraí sin a shrianadh agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis faoi conas caingean a thionscnamh nó gearán a dhéanamh os comhair na n-údarás inniúil nó na gcúirteanna agus faoi aon chúnamh atá ar fáil, lena n-áirítear cúnamh ó na húdaráis mhaoirseachta.

9. Pé iarraidh a dhéanfar ar shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a léirscriosadh nó ar phróiseáil na sonraí sin a shrianadh, beidh an fhaisnéis is gá inti chun an duine lena mbaineann a shainaithint. Is chun feidhmiú na gceart dá dtagraítear san Airteagal seo a chumasú a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus chuige sin amháin, agus déanfar í a léirscriosadh láithreach ina dhiaidh sin.

10. Coinneoidh an Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, taifead i scríbhinn go ndearnadh iarraidh ar shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a léirscriosadh nó ar phróiseáil na sonraí sin a shrianadh, agus i dtaobh conas ar tugadh aghaidh uirthi, agus cuirfidh sé an taifead sin ar fáil gan mhoill d'údaráis mhaoirseachta inniúla.

11. Tá an tAirteagal seo gan dochar d'aon teorannuithe agus d'aon srianta leis na cearta a leagtar amach san Airteagal seo de bhun Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir (AE) 2016/680.

Airteagal 49

Tairseach ghréasáin

1. Bunaítear tairseach ghréasáin chun éascú a dhéanamh ar fheidhmiú na gceart chun sonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a léirscriosadh nó chun próiseáil na sonraí sin a shrianadh.

2. Áireofar sa tairseach ghréasáin faisnéis maidir leis na cearta agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 47 agus 48 agus comhéadan úsáideora lena gcuirfear ar chumas daoine a bhfuil a gcuid sonraí próiseáilte in MID agus a cuireadh ar an eolas gurb ann do nasc dearg i gcomhréir le hAirteagal 32(4), faisnéis teagmhála údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh a fháil.

3. Chun go bhfaighfear faisnéis teagmhála údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh, ba cheart don duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí próiseáilte in MID an tagairt don údarás inniúil atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh agus dá dtagraítear in Airteagal 34(d) a chur isteach. Bainfear leas as an tagairt sin ar an tairseach ghréasáin chun faisnéis teagmhála údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as fíorú céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh. Beidh teimpléad ríomhphoist ar an tairseach ghréasáin freisin chun éascú a dhéanamh ar theagmháil idir an t-úsáideoir agus údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de lámh. Áireofar sa ríomhphost sin réimse le haghaidh uimhir aitheantais aonair dá dtagraítear in Airteagal 34 (c) chun go bhféadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh na sonraí lena mbaineann a shainaithint.

4. Déanfaidh na Ballstáit sonraí teagmhála na n-údarás ar fad atá inniúil ar scrúdú a dhéanamh ar aon iarraidh dá dtagraítear in Airteagail 47 agus 48 agus ar fhreagra a thabhairt orthu a sholáthar do eu-LISA agus déanfaidh siad athbhreithniú go tráthrialta ar a mhéid atá na sonraí teagmhála sin cothrom le dáta.

5. Is é eu-LISA a fhorbróidh an tairseach ghréasáin agus a áiritheoidh a bainistiú teicniúil.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 69 lena leagtar síos mionsonraithe maidir le hoibriú na tairsí gréasáin, lena n-áirítear an comhéadan úsáideora, na teangacha ina mbeidh an tairseach ghréasáin ar fáil, agus teimpléad an ríomhphoist chun éascú a dhéanamh ar theagmháil idir an t-úsáideoir agus údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú.

Airteagal 50

Sonraí a chur in iúl do thríú tíortha, d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do pháirtithe príobháideacha

Gan dochar d'Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, d'Airteagail 25 agus 26 de Rialachán (AE) 2016/794, d'Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2017/2226, d'Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2018/1240 ná do chuardach a dhéanamh i mbunachair sonraí Interpol trí ESP, i gcomhréir le hAirteagal 9(5) den Rialachán seo a chomhlíonann forálacha Chaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, ní dhéanfar sonraí pearsanta a stóráiltear nó a phróiseáiltear sna comhchodanna idir-inoibritheachta ná a bhfaigheann na comhchodanna idir-inoibritheachta rochtain orthu a aistriú chuig aon tríú tír, chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta, ná chuig aon pháirtí príobháideach ná ní chuirfear na sonraí sin ar fáil dóibh.

Airteagal 51

Maoirseacht ag na húdaráis mhaoirseachta

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta faireachán neamhspleách ar dhleathacht na próiseála ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo arna déanamh ag an mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear tarchur na sonraí sin chuig na comhchodanna idir-inoibritheachta agus astu.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh na dlíthe náisiúnta, na rialacháin náisiúnta agus na forálacha riaracháin náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir (AE) 2016/680 infheidhme freisin, i gcás inarb infheidhme, i dtaca le rochtain a thabhairt ar na comhchodanna idir-inoibritheachta do na húdaráis phóilíneachta agus na húdaráis ainmnithe, lena n-áirítear i dtaca lena gcearta siúd a ndéantar a gcuid sonraí a rochtain ar an gcuma sin.

3. Áiritheoidh na húdaráis mhaoirseachta go ndéanfaidh na húdaráis náisiúnta freagracha iniúchadh chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha, ar na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta gach ceithre bliana ar a laghad.

Gach bliain, foilseoidh na húdaráis mhaoirseachta d líon na n-iarrataí a fuarthas go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh, nó go ndéanfaí próiseáil sonraí a shrianadh, an ghníomhaíocht a rinneadh ina dhiaidh sin, agus líon na gceartúchán agus na srianta próiseála agus méid an léirscriosta a rinneadh de fhreagairt ar iarrataí ó na daoine lena mbaineann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a ndóthain acmhainní agus saineolais ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

5. Soláthróidh na Ballstáit aon fhaisnéis a iarrfaidh údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus, go háirithe, soláthróidh sé dó faisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo. Déanfaidh na Ballstáit rochtain a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ar a logaí dá dtagraítear in Airteagail 10, 16, 24 agus 36 den Rialachán seo agus ar a réasúnú dá dtagraítear in Airteagal 22(2) den Rialachán seo agus ceadóidh siad dóibh rochtain a fháil tráth ar bith ar na háitribh ar fad dá gcuid a úsáidtear chun críocha idir-inoibritheachta.

Airteagal 52

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfaidh eu-LISA, Láraonad ETIAS agus Europol iniúchadh chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha, ar oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta gach ceithre bliana ar a laghad. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig eu-LISA, chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit agus chuig an ngníomhaireacht de chuid an Aontais lena mbaineann. Tabharfar deis do eu-LISA, do Láraonad ETIAS agus do Europol barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.

Soláthróidh eu-LISA, Láraonad ETIAS agus Europol faisnéis don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin aige, tabharfaidh siad rochtain dó ar na doiciméid ar fad agus ar a logaí amhail dá dtagraítear in Airteagail 10, 16, 24 agus 36, agus ceadóidh siad dó rochtain a fháil tráth ar bith ar a n-áitribh ar fad.

Airteagal 53

Comhar idir na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Rachaidh na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ag gníomhú dóibh araon laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, i ndlúthchomhar le chéile laistigh de raon feidhme a bhfreagrachtaí faoi seach, agus áiritheoidh siad go ndéantar maoirseacht chomhordaithe ar úsáid na gcomhchodanna idir-inoibritheachta agus go ndéantar forálacha eile de chuid an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm, go háirithe más rud é go bhfaigheann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta go bhfuil neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn sé aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a rinneadh trí bhealaí cumarsáide na gcomhchodanna idir-inoibritheachta.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar maoirseacht chomhordaithe a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Seolfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tuarascáil chomhpháirteach ar a ngníomhaíochtaí faoin Airteagal seo chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Europol, chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus chuig eu-LISA faoin... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Sa tuarascáil sin, beidh caibidil ar gach Ballstát arna hullmhú ag údarás maoirseachta an Bhallstáit lena mbaineann.

CAIBIDIL VIII

Freagrachtaí

Airteagal 54

Na freagrachtaí atá ar eu-LISA le linn chéim an deartha agus na forbartha

1. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar bonneagair láir na gcomhchodanna idir-inoibritheachta a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán sin.

2. Beidh na comhchodanna idir-inoibritheachta á n-óstáil ag eu-LISA ar a chuid suíomhanna teicniúla agus cuirfidh sé na feidhmiúlachtaí a leagtar síos sa Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le slándáil, infhaighteacht, cáilíocht agus feidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 55(1).

3. Beidh eu-LISA freagrach as forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta agus as aon oiriúnuithe is gá chun idir-inoibritheacht a bhunú idir córais láir EES, VIS, ETIAS, SIS, Eurodac, ECRIS-TCN, agus ESP, BMS comhroinnte, CIR, MID agus CRRS.

Gan dochar d'Airteagal 62, ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar aon cheann de na sonraí pearsanta a phróiseáiltear trí ESP, BMS comhroinnte, CIR nó MID.

Is é eu-LISA a shaineoidh dearadh ailtireacht fhisiceach na gcomhchodanna idir-inoibritheachta lena n-áirítear a mbonneagair chumarsáide mar aon leis na sonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh orthu i dtaca leis an mbonneagar láir agus leis an mbonneagar cumarsáide slán, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta an méid sin, faoi réir tuairim dhearfach ón gCoimisiún. Is é eu-LISA freisin a chuirfidh chun feidhme aon oiriúnuithe is gá ar SIS, ar Eurodac, nó ar ECRIS-TCN a éiríonn as idir-inoibritheacht a bhunú agus dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

Déanfaidh eu-LISA na comhchodanna idir-inoibritheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh luath agus is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tar éis don Choimisiún na bearta a ndéantar foráil dóibh in Airteagail 8(2), 9(7), 28(5) agus (7), 37(4), 38(4), 39(5), 43(5) agus 74(10) a ghlacadh.

Is é a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus bainistiú agus comhordú foriomlán an tionscadail.

4. Le linn chéim an deartha agus na forbartha, bunófar Bord Bainistíochta an Chláir ar a mbeidh 10 gcomhalta ar a mhéad. Ar an mbord sin, beidh seachtar comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA as measc a chuid comhaltaí féin nó a chomhaltaí malartacha, Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh um Idir-inoibritheacht dá dtagraítear in Airteagal 71, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar eu-LISA arna cheapadh ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. Na comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA, toghfar iad as na Ballstáit sin atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí dlí lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras faisnéise AE uile agus a bheidh rannpháirteach sna comhchodanna idir-inoibritheachta.

5. Beidh cruinnithe rialta ag Bord Bainistíochta an Chláir — trí huaire in aghaidh na ráithe ar a laghad. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar chéim deartha agus forbartha na gcomhchodanna idir-inoibritheachta.

Gach mí, cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha maidir le dul chun cinn an tionscadail faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí Bhord Bainistíochta eu-LISA.

6. Déanfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Chláir a bhunú lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an chathaoirleacht;

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) ullmhú cruinnithe;

(d) saineolaithe a ligean isteach ar chruinnithe;

(e) pleananna cumarsáide a áiritheoidh go dtabharfar an fhaisnéis iomlán do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta nach mbíonn rannpháirteach sna cruinnithe.

Beidh an chathaoirleacht ag Ballstát atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí dlí lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras faisnéise AE uile agus a bheidh rannpháirteach sna comhchodanna idir-inoibritheachta.

Is é eu-LISA a íocfaidh as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta eu-LISA maidir leo. Soláthróidh eu-LISA rúnaíocht do Bhord Bainistíochta an Chláir.

Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht dá dtagraítear in Airteagal 71 le chéile go rialta go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí na gcomhchodanna idir-inoibritheachta. Tuairisceoidh sé do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil de thaca le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé an iarobair a bhaineann le staid ullmhachta na mBallstát.

Airteagal 55

Freagrachtaí eu-LISA tar éis dul i mbun oibríochtaí

1. Tar éis do gach comhchuid idir-inoibritheachta dul i mbun oibríochtaí, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil bhonneagar láir na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear cothabháil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta sin agus forbairtí teicneolaíochta. Áiritheoidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit, go mbaintear úsáid as an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil, faoi réir anailís costais agus sochair. Ina theannta sin beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil an bhonneagair cumarsáide dá dtagraítear in Airteagail 6, 12, 17, 25 agus 39.

Is é a bheidh i mbainistiú teicniúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta ná na cúraimí agus na réitigh theicniúla go léir is gá chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a choinneáil ar bun agus chun seirbhísí a sholáthar gan bhriseadh do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áireofar leis sin an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena áirithiú go mbeidh na comhchodanna ag feidhmiú ar leibhéal atá sásúil ó thaobh na cáilíochta teicniúla de, go háirithe maidir le ham freagartha i ndáil leis na bonneagair láir a chuardach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

Déanfar na comhchodanna idir-inoibritheachta ar fad a fhorbairt agus a bhainistiú sa chaoi go n-áiritheofar rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil agus rialaithe ar na comhchodanna agus na sonraí a stóráiltear in MID, in BMS comhroinnte agus in CIR, agus go mbeidh siad ar fáil ina n-iomláine agus gan bhriseadh, agus sa chaoi go n-áiritheofar am freagartha a bheidh i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla údaráis na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais.

2. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó dualgais choibhéiseacha eile i leith rúndachta i bhfeidhm maidir lena chuid ball foirne ar gá dóibh a bheith ag obair le sonraí a stóráiltear sna comhchodanna idir-inoibritheachta. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na baill foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a fhoirceannadh.

Gan dochar d'Airteagal 62, ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar aon cheann de na sonraí pearsanta a phróiseáiltear trí ESP, BMS comhroinnte, CIR agus MID.

3. Forbróidh eu-LISA sásra agus nósanna imeachta chun seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí a stóráiltear in BMS comhroinnte agus in CIR i gcomhréir le hAirteagal 37.

4. Déanfaidh eu-LISA cúraimí freisin maidir le hoiliúint ar úsáid theicniúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta.

Airteagal 56

Freagrachtaí na mBallstát

1. Beidh gach Ballstát freagrach as an méid seo a leanas:

(a) an nasc le bonneagar cumarsáide ESP agus CIR;

(b) lánpháirtiú na gcóras agus na mbonneagar náisiúnta atá ann cheana le ESP, le CIR agus le MID;

(c) an bonneagar náisiúnta atá ann cheana a eagrú, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil agus é a cheangal leis na comhchodanna idir-inoibritheachta;

(d) bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar ESP, ar CIR agus ar MID, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go tráthrialta;

(e) na bearta reachtaíochta dá dtagraítear in Airteagal 20(5) agus (6) a ghlacadh chun CIR a rochtain chun críocha sainaithint a dhéanamh;

(f) na céannachtaí éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 29 a fhíorú de láimh;

(g) ceanglais na cáilíochta sonraí a bhunaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh;

(h) rialacha gach córais faisnéise AE a chomhlíonadh ina n-iomláine maidir le slándáil agus sláine sonraí pearsanta;

(i) aon easnaimh a shainaithneofar i dtuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin i dtaca le cáilíocht sonraí dá dtagraítear in Airteagal 37(5) a leigheas.

2. Déanfaidh gach Ballstát na húdaráis ainmnithe acu a nascadh le CIR.

Airteagal 57

Freagrachtaí Europol

1. Áiritheoidh Europol próiseáil na gcuardach arna déanamh ag ESP ar shonraí Europol. Cuirfidh Europol a chomhéadan maidir le Córais Cuardaigh Europol (QUEST) in oiriúint do na sonraí a bhfuil leibhéal bunúsach cosanta acu dá réir sin.

2. Beidh Europol freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann a fhoireann chuí-údaraithe as ESP agus as CIR agus ar an rochtain atá aici orthu faoin Rialachán seo, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an úsáid agus an rochtain sin, agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go tráthrialta;

Airteagal 58

Freagrachtaí Láraonad ETIAS

Beidh Láraonad ETIAS freagrach as an méid seo a leanas:

(a) na céannachtaí éagsúla i gcomhréir le hAirteagal 29 a fhíorú de láimh;

(b) ilchéannachtaí a bhrath idir na sonraí a stóráiltear in EES, VIS, Eurodac agus SIS, dá dtagraítear in Airteagal 65.

CAIBIDIL IX

Leasuithe ar ionstraimí eile de chuid an Aontais

Airteagal 59

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

Cáilíocht sonraí

1. Gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis na sonraí a iontráiltear sna córais faoi fhreagracht oibríochtúil na Gníomhaireachta, bunóidh an Ghníomhaireacht, agus a Ghrúpaí Comhairleacha rannpháirteach go dlúth aige, do gach córas faoi chúram oibríochtúil na Gníomhaireachta sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus táscairí coiteanna maidir le cáilíocht sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil, i gcomhréir le forálacha ábhartha na n-ionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise sin agus le hAirteagal 37 de Rialacháin (AE) 2019/817 (*) agus (AE) 2019/818 (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht lárstóras le haghaidh tuairisciú agus staidrimh a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 faoi réir forálacha speisialta sna hionstraimí dlí lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid chórais mórscála TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht.

(*) Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse teorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

(**) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).";

(2) in Airteagal 19, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(eea) na tuarascálacha a ghlacadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(2) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(2) de Rialachán (AE) 2019/818.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff):

"(ff) tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil SIS de bhun Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus de bhun Airteagal 74(8) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), maidir le feidhmiú teicniúil VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB, maidir le feidhmiú teicniúil EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226, maidir le feidhmiú teicniúil ETIAS de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) 2018/1240, maidir le feidhmiú teicniúil ECRIS-TCN agus leis na bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) agus maidir le feidhmiú teicniúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;"

(*) Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (OJ L 312, 7.12.2018, p. 56).

(***) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (hh):

"(hh) barúlacha foirmiúla a ghlacadh faoi thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí de bhun Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2018/1861, Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 67 de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2019/816 agus Airteagal 52 de Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 agus obair leantach iomchuí ar na hiniúchtaí sin a áirithiú";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (mm):

"(mm) a áirithiú go bhfoilsítear gach bliain an liosta de na húdaráis inniúla a údaraítear chun na sonraí atá in SIS a chuardach go díreach, de bhun Airteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 56(7) de Rialachán (AE) 2018/1862, maille le liosta Oifigí chórais náisiúnta SIS II (N.SIS) agus liosta de Bhiúrónna SIRENE de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 faoi seach, chomh maith le liosta na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2017/2226, liosta na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 87(2) de Rialachán (AE) 2018/1240, liosta na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2019/816 agus liosta na n-údarás de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2019/818.";

(3) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh Europol agus Eurojust freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, mar bhreathnóirí, i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le SIS II, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2007/533/CGB, ar an gclár oibre.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le SIS II i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1624 ar an gclár oibre.

Féadfaidh Europol freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le VIS, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB, nó ceist a bhaineann le Eurodac, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, ar an gclár oibre.

Féadfaidh Europol freastal freisin, mar bhreathnóir, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le EES i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2226 ar an gclár oibre nó i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le ETIAS i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ar an gclár oibre.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le ETIAS i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ar an gclár oibre.

Féadfaidh Eurojust, Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le Rialachán (AE) 2019/816 ar an gclár oibre.

Féadfaidh Europol, Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal freisin, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin, i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ar an gclár oibre.

Féadfaidh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar aon duine eile ar díol spéise a thuairim nó a tuairim freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnóra.";

(4) in Airteagal 24(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):

"(p) gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne Oifigigh, ceanglais rúndachta a bhunú chun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB, Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a chomhlíonadh, Airteagal 37(4) de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 74(2) de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 11(16) de Rialachán (AE) 2019/816 agus Airteagal 55(2) de Rialachán (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818;".

(5) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(da) Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfaidh Europol, Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach SIS II.

Féadfaidh Europol ionadaí a cheapadh ar Ghrúpaí Comhairleacha VIS agus Eurodac agus EES-ETIAS.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí a cheapadh freisin do Ghrúpa Comhairleach EES-ETIAS.

Féadfaidh Eurojust, Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach ECRIS-TCN.

Féadfaidh Europol, Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí an ceann a cheapadh ar an nGrúpa Comhairleach Idir-inoibritheachta.".

Airteagal 60

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1862

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

"(18) ciallaíonn 'ESP' an tairseach chuardaigh Eorpach a bunaíodh le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) ;

(19) ciallaíonn 'BMS comhroinnte' an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a bunaíodh le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/818+;

(20) ciallaíonn 'CIR' an stóras coiteann sonraí céannachta a bunaíodh le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/818;

(21) ciallaíonn 'MID' an brathadóir ilchéannachtaí a bunaíodh le hAirteagal 25(1) de Rialachán 2019/818.

(*) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85)".

(2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c);

"(b) córas náisiúnta (N.SIS) i ngach ceann ar leith de na Ballstáit, ina gcuimseofar na córais sonraí náisiúnta trína ndéantar cumarsáid le SIS Láir, lena n-áirítear ar a laghad suíomh cúltaca náisiúnta nó comhroinnte amháin do N.SIS;

(c) bonneagar cumarsáide idir CS-SIS, CS-SIS agus NI-SIS (an Bonneagar Cumarsáide) trína soláthraítear líonra fíorúil criptithe atá tiomnaithe do shonraí SIS agus do mhalartú sonraí idir Bhiúrónna SIRENE dá dtagraítear in Airteagal 7(2); agus"

"(d) bonneagar cumarsáide slán idir CS-SIS agus bonneagair láir ESP, BMS comhroinnte agus MID.".

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"8. Gan dochar do mhír 1 go mír 5 féadfar sonraí SIS faoi dhaoine agus doiciméid taistil a chuardach trí ESP freisin.

9. Gan dochar do mhír 1 go mír 5, féadfar sonraí SIS faoi dhaoine agus doiciméid taistil a tharchur freisin tríd an mbonneagar cumarsáide slán dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1. Beidh an tarchur sin teoranta chun a mhéid atá na sonraí de dhíth ar na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/818";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"2a. Áiritheoidh Biúrónna SIRENE freisin fíorú na gcéannachtaí éagsúla i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/818. A mhéid is gá chun an cúram seo a chur i gcrích, beidh rochtain ag Biúrónna SIRENE ar na sonraí a stóráiltear in CIR agus in MID d'fhonn iad a cheadú chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 21 agus 26 de Rialachán (AE) 2019/818.";

(4) in Airteagal 12(1), cuirtear an fomhír seo a leanas leis:

"Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar gach rochtain ar shonraí pearsanta trí ESP a logáil freisin chun seiceáil a dhéanamh go raibh an cuardach dleathach nó nach bhfuil, chun faireachán a dhéanamh ar dhleathacht na próiseála sonraí, chun féinfhaireachán a dhéanamh, agus chun sláine agus slándáil sonraí a áirithiú.";

(5) in Airteagal 44(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(f) céannachtaí éagsúla a fhíorú agus calaois chéannachta a chomhrac i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2019/818.".

(6) in Airteagal 74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Chun críche Airteagal 15(4) agus chun críche mhíreanna 3, 4 agus 6 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(4) agus i mír 3 den Airteagal seo a stóráil ar bhealach nach bhféadfar daoine aonair a shainaithint sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/818.

Ceadóidh eu-LISA don Choimisiún agus do na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo tuarascálacha agus staidreamh sainordaithe a fháil. Arna iarraidh sin, tabharfaidh eu-LISA rochtain ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/818 do na Ballstáit, don Choimisiún, do Europol agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.".

Airteagal 61

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/816

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/816 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(c) na coinníollacha faoina rannchuidíonn ECRIS-TCN le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in ECRIS-TCN a éascú agus a chabhrú faoi na coinníollacha agus chun críocha Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) , trí shonraí céannachta, sonraí doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha a stóráil in CIR

(*) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L135, 22.5.2019, lch. 85).";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil faisnéise céannachta náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir ciontuithe sna Ballstáit chun críche na Ballstáit inar tugadh na ciontuithe sin a shainaithint. Cé is moite de phointe (b)(ii) d'Airteagal 5(1), tá feidhm ag na forálacha den Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh tríú tír maidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil náisiúntacht tríú tír ach freisin agus a bhí faoi réir ciontuithe sna Ballstáit. Leis an Rialachán seo, déantar ceart-sainaithint daoine a éascú agus a chabhrú freisin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2019/818.".

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas

(a) scriostar pointe (8)

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

"(19) ciallaíonn 'CIR' an stóras coiteann sonraí céannachta a bunaíodh le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/818;

(20) ciallaíonn 'sonraí ECRIS-TCN' na sonraí uile a stóráiltear sa lárchóras agus in CIR i gcomhréir le hAirteagal 5.";

(21) ciallaíonn 'ESP' an tairseach chuardaigh Eorpach a bunaíodh le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/818.";

(4) leasaítear Airteagal 4(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) lárchóras;";

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(aa) CIR;";

(c) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(e) bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus bonneagair láir ESP agus CIR;";

(5) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráitú:

"1. I gcás gach náisiúnaigh tríú tír arna chiontú, cruthóidh údarás lárnach an Bhallstáit chiontaithigh taifead sonraí in ECRIS-TCN. Áireofar an méid seo a leanas sa taifead sonraí:";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"1a. Beidh in CIR na sonraí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus sna sonraí seo a leanas dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1: sloinne (ainm teaghlaigh); céadainmneacha (ainmneacha baiste); dáta breithe; áit bhreithe (baile agus tír); náisiúntacht nó náisiúntachtaí; inscne; ainmneacha roimhe sin, más infheidhme; i gcás fáil a bheith orthu, ainmneacha bréige nó ailiasanna; i gcás fáil a bheith orthu, cineál agus uimhir dhoiciméid taistil an duine, mar aon le hainm an údaráis eisiúna. Féadfar na sonraí dá dtagraítear i mír 3 a bheith ar áireamh in CIR. Stórálfar sonraí eile ECRIS-TCN sa lárchóras.".

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Stórálfar gach taifead sonraí sa lárchóras agus in CIR ar feadh na tréimhse a bheidh na sonraí a bhaineann le ciontuithe an duine lena mbaineann stóráilte sna taifid choiriúla.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Nuair a bheidh an tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1 imithe in éag, léirscriosfaidh údarás lárnach an Bhallstáit chiontaithigh an taifead sonraí, lena n-áirítear aon sonraí méarloirg nó íomhánna den aghaidh, ón lárchóras agus ó CIR gan moill mhíchuí. Déanfar an léirscriosadh go huathoibríoch, nuair is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná mí tar éis don tréimhse choinneála sin dul in éag.";

(7) leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an focal 'Lárchóras agus CIR' in ionad an fhocail 'ECRIS-TCN';

(b) i míreanna 2, 3 agus 4, cuirtear na focail 'Lárchóras agus CIR' in ionad na bhfocal 'lárchóras

(8) in Airteagal 10(1), scriostar pointe (j);

(9) in Airteagal 12(2), cuirtear na focail 'lárchóras agus CIR' in ionad na bhfocal lárchóras';

(10) in Airteagal 13(2), cuirtear na focail 'lárchóras, CIR' in ionad na bhfocal 'lárchóras';

(11) in Airteagal 23(2), cuirtear na focail 'lárchóras agus CIR' in ionad na bhfocal 'lárchóras';

(12) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ní dhéanfar na sonraí a iontráiltear sa lárchóras agus in CIR a phróiseáil ach chun críche an Ballstát nó na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis taifid choiriúil faoi náisiúnaigh tríú tír. Déanfar na sonraí a iontráiltear in CIR a phróiseáil freisin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/818 chun ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in ECRIS-TCN a éascú agus chun cuidiú le ceart-sainaithint na ndaoine sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Gan dochar do mhír 2, déanfar rochtain chun na gcríoch na sonraí a stóráiltear in CIR a cheadú a fhorchoimeád freisin d'foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus d'fhoireann chuí-údaraithe ghníomhaireachtaí an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2019/818. Beidh rochtain den sórt sin teoranta i gcomhréir leis an méid a bheidh na sonraí de dhíth chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis na críocha sin, agus beidh sí comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.".

(13) in Airteagal 32 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear sa mhír sina stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/818.";

(14) in Airteagal 33(1), cuirtear na focail 'lárchóras, CIR agus' in ionad na bhfocal 'lárchóras';

(15) in Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir le ciontuithe a forchuireadh roimh dháta a gcuirfear tús le sonraí a chur isteach i gcomhreir le hAirteagal 35(1), cruthóidh na húdaráis lárnacha na taifid aonair sonraí sa lárchóras agus sa CIR mar a leanas:

(a) ba cheart sonraí alfa-uimhriúla a chur isteach sa lárchóras agus in CIR faoi dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 35(2) ar a dhéanaí;

(b) ba cheart méarloirg a chur isteach in CIR ar a dhéanaí laistigh de dhá bhliain tar éis thús na n-oibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 35(4).".

CAIBIDIL X

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 62

Tuairisciú agus staidreamh

1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, agus gan sainaithint daoine aonair a chumasú, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA lena gceadú líon na n-iarrataí ar chuardach in aghaidh an úsáideora i bpróifíl ESP.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

2. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le CIR lena gceadú:

(a) líon na n-iarrataí ar chuardach chun críocha Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22;

(b) náisiúntacht, inscne agus bliain bhreithe an iarratasóra;

(c) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre eisiúna;

(d) líon na gcuardach a rinneadh agus sonraí bithmhéadracha á n-úsáid agus líon na gcuardach a rinneadh gan sonraí bithmhéadracha a úsáid.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

3. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le MID lena gceadú:

(a) líon na gcuardach a rinneadh agus sonraí bithmhéadracha á n-úsáid agus líon na gcuardach a rinneadh gan sonraí bithmhéadracha a úsáid;

(b) líon gach cineáil naisc agus sna córais faisnéise AE ina bhfuil sonraí nasctha;

(c) an tréimhse ama ar lena linn a d'fhan nasc buí agus nasc dearg sa chóras.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

4. Beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ar na sonraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo lena gceadú chun na hanailísí riosca agus na measúnuithe leochaileachta dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 13 de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]) a dhéanamh.

5. Beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe Europol ar na sonraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo lena gceadú chun anailísí straitéiseacha, téamacha agus oibríochtúla a dhéanamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/794.

6. Chun críche mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear sna míreanna sin a stóráil sa CRRS. Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint trí bhíthin na sonraí sa CRRS, ach leis na sonraí sin féadfaidh na húdaráis a liostaítear i míreanna 1, 2 agus 3 é a úsáid chun tuairiscí agus staidreamh in-saincheaptha a fháil chun éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú, chun cuidiú leis na húdaráis agus iad ag próiseáil iarratais ar víosa agus chun tacú le déanamh beartas imirce agus slándála an Aontais ar bhonn fianaise.

7. Arna iarraidh sin, déanfaidh an Coimisiún faisnéis ábhartha a chur ar fáil do Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo ar chearta bunúsacha.

([38]) Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

Airteagal 63

Idirthréimhse le haghaidh úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí

1. Ar feadh dhá bhliain ón dáta a thosóidh an tairseach chuardaigh Eorpach i mbun oibríochtaí, ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (4) agus beidh úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí roghnach.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 69 chun an Rialachán seo a leasú trí shíneadh amháin nach faide ná aon bhliain amháin a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nuair a taispeánadh le measúnú ar chur i bhfeidhm ESP gur gá síneadh den sórt sin, go háirithe i bhfianaise tionchair thabhairt isteach ESP a bheadh ann ar eagrú agus ar fhad seiceálacha teorann.

Airteagal 64

Idirthréimhse is infheidhme maidir leis na forálacha i ndáil leis an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú

Beidh feidhm ag Airteagal 22 ó dháta thús oibríochtaí CIR dá dtagraítear in Airteagal 68(3).

Airteagal 65

Idirthréimhse chun ilchéannachtaí a bhrath

1. Ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin ón uair a chuirfidh eu-LISA in iúl críoch tástáil an MID dá dtagraítear in Airteagal 68(4)(b) agus sula gcuirfear tús le hoibríochtaí MID, beidh Láraonad ETIAS freagrach as ilchéannachtaí a bhrath idir na sonraí a stóráiltear in EES, VIS, Eurodac agus SIS. Is le sonraí bithmhéadracha amháin a dhéanfar ilchéannachtaí a bhrath.

2. I gcás ina bhfaighfear meaits amháin nó roinnt meaitseanna agus ina mbeidh sonraí céannachta na gcomhad nasctha comhionann nó cosúil, cruthófar nasc bán i gcomhréir le hAirteagal 33.

I gcás ina bhfaighfear meaits amháin nó roinnt meaitseanna agus nach féidir a mheas go bhfuil sonraí céannachta na gcomhad nasctha cosúil, cruthófar nasc buí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus beidh feidhm leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29.

I gcás ina bhfaighfear roinnt meaitseanna, cruthófar nasc idir na sonraí ar fad a thionscain an meaits.

3. I gcás ina gcruthófar nasc buí, tabharfaidh MID rochtain ar na sonraí céannachta atá sna córais faisnéise AE éagsúla do Láraonad ETIAS.

4. I gcás ina gcruthófar nasc le foláireamh in SIS, cé is moite d'fholáireamh a chruthaítear faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1860, le hAirteagal 24 agus Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1861 nó le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1862, tabharfaidh an brathadóir ilchéannachtaí rochtain ar na sonraí céannachta atá sna córais faisnéise éagsúla do Bhiúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh.

5. Beidh rochtain ag Láraonad ETIAS nó i gcásanna dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, ag Biúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh ar na sonraí sa chomhad um dheimhniú céannachta agus déanfaidh siad na céannachtaí éagsúla a mheasúnú agus nuashonróidh siad an nasc i gcomhréir le hAirteagail 31, 32, agus 33 agus cuirfidh siad leis an gcomhad um dheimhniú céannachta é.

6. Ní thabharfaidh Láraonad ETIAS fógra don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 67(3) mura rud é go ndearnadh na naisc bhuí ar fad a fhíorú de láimh agus go ndearnadh a stádas a nuashonrú mar naisc uaine, bhána nó dhearga.

7. Cuideoidh na Ballstáit i gcás inar gá le Láraonad ETIAS i dtaca le brath ilchéannachtaí faoin Airteagal seo.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 69 chun an Rialachán seo a leasú trí shíneadh sé mhí, a fhéadfar a athnuachan faoi dhó go ceann sé mhí an dá uair, a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Maidir le measúnú a dhéanamh ar an am a mheastar a chuirfear an brath ilchéannachtaí faoin Airteagal seo i gcrích, ní dheonófar an síneadh sin mura rud é go léirítear nach féidir an brath ilchéannachtaía chríochnú roimh dhul in éag na tréimhse atá fós ann nó faoi shíneadh leanúnach ar chúiseanna atá neamhspleách ar Láraonad ETIAS, agus nach bhféadfar aon bhearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm. Déanfar an measúnú tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dhul in éag tréimhse den sórt sin nó síneadh leanúnach.

Airteagal 66

Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca le bunú agus oibriú ESP, BMS chomhroinnte, CIR agus MID.

2. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca leis na bonneagair teorann náisiúnta atá ann cheana a chomhtháthú agus a cheangal leis na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta sin, agus i dtaca leis na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta a óstáil.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas:

(a) costais oifig bainistithe tionscadal na mBallstát (cruinnithe, misin, oifigí);

(b) costais óstála chórais náisiúnta TF (spás, cur chun feidhme, leictreachas, fuarú);

(c) costas oibrithe chórais náisiúnta TF (oibreoirí agus conarthaí tacaíochta);

(d) líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a oibriú agus a chothabháil.

3. Gan dochar do mhaoiniú breise chun na críche sin ó fhoinsí eile de chuid bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfar méid de EUR 32 077 000 a shlógadh ón imchlúdach de EUR 791 000 000 dá bhforáiltear faoi Airteagal 5(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 chun na costais a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chumhdach, amhail dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.

4. Ón imchlúdach dá dtagraítear i mír 1, déanfar EUR 22 861 000 a leithdháileadh ar eu-LISA, EUR 9 072 000 ar Europol agus EUR 144 000 ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin a gcúraimí faoi faoin Rialachán seo. Is faoi bhainistíocht indíreach a chuirfear an maoiniú sin chun feidhme.

5. Is ar na Ballstáit ainmnithe faoi seach a thitfidh na costais a thabhóidh na húdaráis ainmnithe. Is ar gach Ballstát a thitfidh na costais i dtaca leis an údarás ainmnithe a nascadh le CIR.

Na costais a thabhaíonn Europol, lena n-áirítear nasc leis an CIR, íocfar sciar díobh ag Europol.

Airteagal 67

Fógra a thabhairt

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA maidir leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagail 7, 20, 21 agus 26 a fhéadfaidh úsáid a bhaint as ESP, as CIR agus as MID faoi seach nó a fhéadfaidh rochtain a fháil orthu.

Foilseofar liosta comhdhlúite na n-údarás sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* laistigh de thrí mhí tar éis do gach ceann de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta dul i mbun oibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 68. I gcás ina ndéanfar leasuithe ar an liosta, foilseoidh eu-LISA liosta comhdhlúite nuashonraithe uair sa bhliain.

2. Tabharfaidh eu-LISA fógra don Choimisiún maidir le cur i gcrích rathúil na tástála dá dtagraítear in Airteagal 68(1)(b), (2)(b), (3)(b), (4)(b), (5)(b) agus (6)(b).

3. Tabharfaidh Láraonad ETIAS fógra don Choimisiún maidir le cur i gcrích rathúil an na tréimhse idirthréimhsigh atá leagtha síos in Airteagal 65.

4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtugtar fógra fúithi de bhun mhír 1 ar fáil do na Ballstáit agus don phobal, trí shuíomh gréasáin poiblí a nuashonrófar go rialta.

Airteagal 68

Tús oibríochtaí

1. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfidh ESP tús le hoibríochtaí nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagail 8(2), 9(7) agus 43(5) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar ESP tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le tabhairt i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le gníomhaireachtaí an Aontais a fhéadfaidh úsáid a bhaint as ESP;

(c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8(1) bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith.

Ní dhéanfaidh ESP cuardach i mbunachair sonraí Europol mura rud é gur féidir, a bhuí leis na socruithe teicniúla, na ceanglais i gcomhréir le hAirteagal 9(5) a chomhlíonadh. Más amhlaidh go bhfuil sé dodhéanta Airteagal 9(5) a chomhlíonadh, ní dhéanfaidh ESP cuardach i mbunachair sonraí Interpo mar thoradh ar sin, ach ní chuirfear moill ar thús oibríochtaí in ESP dá bharr.

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

2. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfidh BMS comhroinnte tús le hoibríochtaí nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 13(5) agus in Airteagal 43(5) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar BMS comhroinnte tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le tabhairt i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát;

(c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13 bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;

(d) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil an tástáil dá dtagraítear i mír 5(b) tugtha i gcrích go rathúil aige.

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

3. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfidh CIR tús le hoibríochtaí nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 43(5) agus in Airteagal 74(10) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar CIR tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le tabhairt i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát;

(c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;

(d) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil an tástáil dá dtagraítear i mír 5(b) tugtha i gcrích go rathúil aige.

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

4. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfidh MID tús le hoibríochtaí nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagail 28(5) agus (7), 32(5), 33(6), 43(5) agus 49(6) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar MID tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le tabhairt i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le Láraonad ETIAS;

(c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34 bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;

(d) beidh fógra tugtha ag Láraonad ETIAS don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 67(3);

(e) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil an tástáil dá dtagraítear i míreanna 1(b), 2(b), 3(b) agus 5(b) tugtha i gcrích go rathúil aige.

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

5. Maidir leis na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta sonraí, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis an dáta óna mbainfear úsáid astu, nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 37(4) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar na sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, ar na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus ar na híoschaighdeáin cháilíochta sonraí curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le cur i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát.

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

6. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfidh CRRS tús le hoibríochtaí nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 39(5) agus in Airteagal 43(5) glactha;

(b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar CRRS tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í atá le tabhairt i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát;

(c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 39 bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;

Déanfaidh an Coimisiúin an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú mar dháta laistigh de 30 lá ó chur i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme.

7. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na dtástálacha arna ndéanamh de bhun mhíreanna 1(b), 2(b), 3(b), 4(b) 5(b), agus 6 (b) in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

8. Tosóidh na Ballstáit, Láraonad ETIAS agus Europol ag úsáid gach ceann de na comhchodanna idir-inoibritheachta ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le míreanna 1, 2, 3 agus 4 faoi seach.

Airteagal 69

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 28(5), 39(5), 49(6), 63(2) agus 65(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 11 Meitheamh 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 28(5), 39(5), 49(6), 63(2) agus 65(8) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 28(5), 39(5), 49(6), 63(2) agus 65(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 70

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 71

Grúpa comhairleach

Bunóidh eu-LISA Grúpa Comhairleach. Le linn chéim deartha agus forbartha na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, beidh feidhm ag Airteagal 54(4), (5) agus (6).

Airteagal 72

Oiliúint

Déanfaidh eu-Lisa cúraimí i dtaca le hoiliúint a chur ar fáil in úsáid theicniúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 2018/1726.

Déanfaidh údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais clár oiliúna iomchuí maidir le slándáil sonraí, cáilíocht sonraí, rialacha maidir le cosaint sonraí, na nósanna imeachta a bhaineann le próiseáil sonraí agus na hoibleagáidí i dtaca le cur in iúl faoi Airteagail 32(4), 33(4) agus 47 a sholáthar dá mbaill foirne a údaraítear chun sonraí a phróiseáil leis na comhchodanna idir-inoibritheachta.

I gcás inarb iomchuí, déanfar cúrsaí comhoiliúna ar na topaicí sin a eagrú ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú dea-chleachtas idir foireann údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais a údaraítear chun sonraí a phróiseáil leis na comhchodanna idir-inoibritheachta a phróiseáil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an bpróiseas chun ilchéannachtaí a bhrath, lena n-áirítear céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh agus an gá a ghabhann leis sin coimircí iomchuí a choimeád maidir le cearta bunúsacha.

Airteagal 73

Lámhleabhar praiticiúil

Cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le eu-LISA agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, lámhleabhar praiticiúil ar fáil do chur chun feidhme agus do bhainistiú na gcomhchodanna idir-inoibritheachta. Soláthrófar treoirlínte teicniúla agus oibríochtúla, moltaí agus dea-chleachtas sa lámhleabhar praiticiúil. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar praiticiúil i bhfoirm moladh.

Airteagal 74

Faireachán agus meastóireacht

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta agus ar a nasc leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta de réir cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na gcomhchodanna idir-inoibritheachta de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Faoin 12 Nollaig 2019 agus gach sé mhí ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, mar aon lena nasc leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta. A luaithe a bheidh an fhorbairt tugtha chun críche, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar go mionsonrach an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe na cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus le costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh socraithe.

3. Ceithre bliana tar éis tús a bheith curtha le gach comhchuid idir-inoibritheachta i gcomhréir le hAirteagal 68 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear a slándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

4. Sa bhreis air sin, bliain amháin tar éis tuarascáil a fháil ó eu-LISA, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar na comhchodanna, lena n-áireofar:

(a) measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(b) scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir chuspóirí an Rialacháin seo agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear, go háirithe, measúnú ar thionchar na gcomhchodanna idir-inoibritheachta ar an gceart chun neamh-idirdhealú;

(c) measúnú ar fheidhmiú na tairsí gréasáin, lena n-áirítear figiúirí maidir le húsáid na tairsí gréasáin agus líon na n-iarrataí a réitíodh;

(d) measúnú ar bhailíocht leanúnach bhunréasúnaíocht na gcomhchodanna idir-inoibritheachta;

(e) measúnú ar shlándáil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta;

(f) measúnú ar úsáid CIR chun sainaithint a dhéanamh;

(g) measúnú ar úsáid CIR chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(h) measúnú ar aon impleachtaí a thiocfadh i gceist lena n-áirítear aon tionchar díréireach a d'imreofaí ar shreabhadh an tráchta ag na pointí trasnaithe teorann agus aon impleachtaí a d'imreodh tionchar buiséadach ar bhuiséad ginearálta an Aontais;

(i) measúnú ar an gcuardach, trí ESP, i mbunachair sonraí Interpol, lena n-áirítear faisnéis faoi líon na meaitseanna i mbunachair sonraí Interpol agus faisnéis faoi aon fhadhbanna a bhí ann.

Áireofar sa mheastóireachtí foriomlána faoin gcéad fhomhír den mhír seo aon mholtaí is gá. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle

5. Faoin 12 Meithamh 2020 agus gach bliain ina dhiaidh sin go dtí go ndéanfar na gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 68 a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta chun ullmhú do chur chun feidhme iomlán an Rialacháin seo. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin freisin faoi na costais a tabhaíodh agus faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána.

6. Dhá bhliain tar éis tús a bheith curtha le hoibríochtaí MID i gcomhréir le hAirteagal 68(4), déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar thionchar MID ar an gceart chun neamh-idirdhealú. I ndiaidh na chéad tuarascála sin, beidh an scrúdú ar thionchar MID ar an gceart chun neamh-idirdhealú ina chuid den scrúdú dá dtagraítear i mír 4(b) den Airteagal seo.

7. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 3 go 6 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i mbaol ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a thabharfaidh le fios foinsí, baill foirne nó imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

8. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí fhoriomlán dá dtagraítear i mír 4 a dhéanamh.

9. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, agus gan dochar do na teorannuithe is gá chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint, chun an choireacht a chosc agus chun a ráthú nach gcuirfear aon imscrúdú náisiúnta i mbaol, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí a stóráiltear in CIR chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ina mbeidh faisnéis agus staidreamh faoi na nithe seo a leanas:

(a) cad é go baileach is cuspóir don cheadú lena n-áirítear cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál na gcionta thromchúiseacha choiriúila eile;

(b) an foras réasúnach a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach i gcatagóir a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 603/2013;

(c) an líon iarrataí ar rochtain a fháil ar CIR chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(d) an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdaráis sainaithint a dhéanamh;

(e) eolas faoin ngá atá leis na gcásanna práinneacha eisceachtúla agus faoin úsáid a bhaintear as, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an gcás práinne eisceachtúil sin iontu san fhíorú *ex post* a rinne an lárphointe rochtana.

Tarchuirfear na tuarascálacha bliantúla a ullmhaítear ag na Ballstáit agus ag Europol chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh den bhliain ina dhiaidh sin.

10. Déanfar réiteach teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun iarrataí rochtana ó úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 22 a bhainistiú agus chun éascú a dhéanamh ar bhailiú na faisnéise faoi mhíreanna 7 agus 9 den Airteagal seo chun na tuarascáil agus na staidrimh dá dtagraítear sa mhíreanna sin a ghiniúint. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le sonraíochtaí an réitigh theicniúil sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2).

Airteagal 75

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag forálacha an Rialachán seo maidir le ESP ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(1).

Beidh feidhm ag forálacha an Rialachán seo maidir le BMS comhroinnte ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(2).

Beidh feidhm ag forálacha an Rialachán seo maidir le CIR ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(3).

Beidh feidhm ag forálacha an Rialachán seo maidir le MID ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(4).

Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis na sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta sonraí faoi seach ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(5).

Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an CRRS ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 68(6).

Beidh feidhm ag Airteagail 6, 12, 17, 25, 38, 42, 54, 56, 58, 66, 67, 69, 70, 71, 73 agus 74(1) ón 11 Meithamh 2019.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo i dtaca le Eurodac ón dáta a bheidh athmhúnlú Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013 infheidhme.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
A. TAJANI	G. CIAMBA